

Logainmneacha bharúntacht Orbhraí agus na Coille Móire i dtuaisceart chontae Chorcaí

1865
Manus.
1865

Fiant5066
CDFJ 3.98
ASE 221-b
AL

Pádraig Ó Dálaigh MA, Ph.D., D.Phil.

... applies to a field of 21 1/2
... immediately east of the
... of Milford [470] - The name
... very well known locality ...
... G. B. Carroll, Revised edition by
... 1902

Iml. III (de thrí imleabhar)

Tráchtas á chur isteach go dtí Dámh an Léinn Dhaonna (Gaeilge) i gColáiste Phádraig, Droim Conrach (Coláiste de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath) i gcomhair na céime Ph.D.

Stiúrthóir : An Dr. Liam Mac Mathúna

Meitheamh 2006

Cineál : paiste talún

1591	Meanes	Fiant5066
1660c.	Meanes	CDHJ 3.98
1670	Meaness	ASE 221-b
1840	-----	AL
1932	"The Manus" applies to a field of 21¼ acres situated immediately east of the village of Milford [470] ... The name is very well known locally but I [W.A. Carroll, Reviser] could get no information as to the origin or meaning of the name though I approached two gentlemen, one aged 90.	OSFM 9, 10
1937-8	The Meanus is a field which is near the village of Milford.	Bail. na S. 369.35 (<i>per</i> Maurice Hannigan, Highmount, Milford, ó Mr. J. Hannagan, aois 41)
2002	/də'me:nəs/ "a well-known field (-name), up Kilbolane Hill".	F280, 289

Tar éis dom seanlíon acraí an phaiste seo talún (21.25 acra sa bhliain 1932) a chur faoi bhráid Tadhg Connell (F289, Kilbolane, aoisghr. 70 – 75), tugann sé suntas láithreach do mhéid laghdaithe na háite ó shin, á rá gur cúig acra déag a bhí ann le linn a óige sular baineadh trí acra de ar ar tógadh páirc iomána agus cúig cinn de thithe, a theach féin san áireamh.

I gcomhair tarlachtaintí eile d'áitainmneacha mar é i gcontae Chiarraí ((i) – (iv)) agus i gcontae Luimnigh (v) (agus is é is dóichí go bhfuil dul amú ar *OD* i ngach cás agus *mianus*, 'a mine' á léamh leo, cf. Ó Máille, *Ainm* 4, 136 thíos) féach :

(i) **Meanus** (*bar.* Dunkerron North; p. Knockane; *SO* 57, 65)

1840	Meanus	AL (3:3) : BS
	Meays	: R. McGillacuddy
	Mianus	: pl (OD)
	a mine	: OD
1840	Meanus Mill	AL (2:37) : Popular
	muilleann mhianuis	: pl (OD)
1978	Mianas	Top.Hib. I 156

(ii) **Meanus** (*bar.* Trughanacmy; p. Castleisland; *SO* 39) :

1840	Meanus house	AL (2:21) : Local
	Meanus	: D. Roche
	Menus	: Barony Map (Larkin)
	Mianus	: pl (OD)
	a mine	: OD

Tuilleadh tagairtí stairiúla ar an ainm is ea :

1676	the Meanus	Herbert Corr. 225.338
1677	Meanus	Herbert Corr. 237.415
1678	Menus	Herbert Corr. 240.421

(iii) **Meanus** (*bar.* Trughanacmy; p. Currans; *SO* 39, 48) :

1840	Meanus	AL (12) : BS
	Menus	: County Map (Larkin)
	Menus	: Inhabs.
	Mianus	: pl (OD)
	a mine	: OD

(iv) **Meanus** (*bar.* Trughanacmy; p. Kiltallagh; *SO* 47) :

1840	Meanus	AL (23) : BS
	Meanus	: Inhabs.
	Mianus	: pl (OD)
	a mine	: OD

agus

(v) **Meanus** (q.v. *Log. na hÉir.* I 218; *SO* 31) :

1588	Meanes	Fiant5189
	Meanus	AL : BS
	Mianas, a mine	: OD

Agus a rá go bhfuil comhthéacs uisce i gceist le gach ainm díobh seo (an iontráil reatha san áireamh) mar a léireofar * thíos, tharlódh gur sásúla an míniú a bhaineann an tOllamh T. Ó Máille as ainmneacha mar iad : *méanas* < *méan*, *méin*, ‘river, stream’ (q.v. *Ainm* 4 (1989-90), 136) < *min*, ‘stream river’ (*Ibid.* 137) < *mén*, ‘a mouth’ (q.v. *DIL* (b), ‘an opening in a coast, a gulf’) (dála na forbartha *bern* (*DIL*) > *bernas* (*Ibid.*)).

* Is í An Leamhain (River Laune) is teora thiar do (i) agus is cosúil go bhfuil cúrsa na habhann an-lúbach ag an bpointe seo; sníonn sruthán leis ó dheas ó theora iardheisceartach (ii) isteach in abhainn na Máighe i gcóngar bhf. Camp East, < An Cam, ‘the winding feature’; is í An Bhrosnach (River Brosna) is teora thiar do (iii) agus arís is díol suime é go bhfuil cúrsa na habhann an-lúbach anseo; sníonn sruthán arb é is teora thiar do (iv) leis ó dheas isteach in abhainn na Mainge (River Maine) i gCaisleán na Mainge; is í An Chamóg (River Camoge), ‘the winding one, -feature’ (féach Ó Maolfabhail, *Log. na hÉir.* I 136) is teora thiar do (v) agus cuid an-lúbach de chúrsa abhainn na Daoile (River Deel) is teora thuaidh do Manus anseo.

Cat.2.6 Min.4 Mapa 14

MEANAS; tract of land located on or near a meandering part of a river or stream.

(468)	Maryfield (Churchtown (X57.1; SO 16))
--------------	--

1793	Maryfield	CGn. 477.300.302378
1811	Maryfield	Bath Map
1812	Maryfield (S.)	Leet II 103
1836	lands of Churchtown called Maryfield.	CGn. 22.249.580
1841	Maryfield.	CGn. 16.125.482
1864	Maryfield	CGn. 40.30.1070
1874	part of Churchtown lands called Maryfield.	CGn. 17.244.495
1918	The name of the ground on which the church was built is still called Maryfield.	Hist.Top.Notes III 98
2003	/də'me:ri:fi:ld/ °	F2, 233

Is i ngiorracht ceathrú mhíle slí taobh thiar theas de shráidbhaile Bhaile an Teampaill, mar a dtagann Baile an Teampaill agus Egmont le chéile, atá an pháirc seo (4 acra) suite.

Is i ndiaidh **Mary Taylor**, is é sin, iníon leis an gcoirnéal **William Taylor** (*Smith, Cork* I 316) ar bhuail babhta marfach den bholgach í (*Windele Mss.* 12 I 11, 644) agus a cuireadh in eaglais Phrotastúnach an cheantair í (féach Grove-White, *Hist.Top.Notes* III 97) a ainmníodh an áit chéanna seo.

Cat.3.2 Min.3 Mapa 18c4

THE MARYFIELD

1840	Maryville House In the tld. of Rathgoggan Middle. The name of a gentleman's house.	AL (26) : Mr.J. O'Brien : Sit. : Descr.Rem.
1842	Maryville Ho.	DL
1844	Maryville	E1
1894	the House and Demesne of Maryville situate[d] near the town of Charleville	CGn. 52.22.1650
1904	Maryville	E2
1924	Maryville (seoladh baile)	Guy Dir. 281
1936	Maryville	E3
1936	Maryville Demesne	CGn. 12.220
2002	/ˈme:ri·vil/	F251, 252

Is é is dóichí gur i ndiaidh **Mary Saunders** a bhí i seilbh tithe ar bhóthar Luimnigh taobh amuigh de bhaile na Rátha sa bhliain 1851 (q.v. *Griff.Val.* 93, uimh. 3; *Ibid.*, uimh. 2, 3) a ainmníodh an teach seo.

Cuireann Michael Byrne (F251, Ballysallagh, aoisghr. 70 – 75) in iúl dom gurb amhlaidh atá comhlacht próiseálaithe cineálacha áirithe bia (Kerry Foods) i seilbh an tí le tamall de bhlianta anuas.

Cat.2.3 Min.3 Mapa 18a6

MARYVILLE

(470)	Milford (Kilbolane (X117.1; SO 1))
-------	------------------------------------

Cineál : sráidbhaile

1659	Milford	Cen. 240
1702	Millfoord	Bowen Pap. 12
1713	Milford (Hamlet of -)	CGn. 11.228.4400

1776	a n-Ath a Mhuillin (a bparóiste Chéill Bholáin)	B.Cat. II 181 (Add.Ms. 31874.3K)
1787	Millfort	Vallencey Map
1800c.	an Áth an mhuillinn	RIA 23052, 380
1800	an ath mhuilinn	RIA 23052, 33, 77
1800	an ath an mhuilinn	RIA 23052, 117, 134, 366
1800	Milford .i. áth an mhuilinn	RIA 23052, 248
1812	Mill-ford	Leet II 108
1824	Milford	RIA 24C56, 386
1837	Millford (village of -)	Lewis II 53
1840	Milford In the tld. of Kilbolane. The name of a small village	AL (2:12) : A.Allen : Sit. : Descr.Rem.
1842	Milford	DL
1844	ó aith gan muillinn	RIA 24A19, 78
1844	ó áith gan muillinn	RIA 24A19, 76
1845	Milford	E1
1857	ó aith an mhuillinn	RIA 24C 28, 21, 45
1858	ó áith an mhuillinn	RIA 24B 14, 44, 88, 129, 150, 271
1859	ó áith an mhuillinn	RIA 24B 12, 13
1859	Áth an Mhuilinn	Ó Braonáin 59
1937	Milford	E3
1969	Áth an Mhuilinn	Bailte Poist 78
2000	/ˈmɪlfərd/	F197, 285
2000	Mill. In Milford, on N[orth] W[est] bank of River Deel. Down Survey barony map (1654-9) shows mill here. Old mill replaced by R[oman] C[atholic] Chapel in early 19 th century ... millrace (Disused).	FSCC IV 15235

I gcomhair tagartha níos luaithe do thraidisiún na muilleoireachta i gceantar seo Chill Bhláin, féach *Kylblan ... cum aquis, molendinis* (MacCotter, Nicholls, *PRC* III 30, anno 1364).

Tugtar faoi deara an claochló ó *-ford > fort* thuas (1787) dála **Bowenford** (280, Bowensfort, anno 1811) sa pharóiste céanna. Má ghreamaigh an t-athrú i gcás Bowenford (anno 2002), níor ghreamaigh anseo.

Cat.2.3 Min.1 Mapa 18b1

(>) ÁTH AN MHUILINN; ford of the mill.

(471)	Mill Lane (Ballyclogh (X19; S0 24))
--------------	--

1837	Adjoining [the village of Ballyclogh] are the extensive bolting-mills of Messrs. Haines and Smith, driven by the Finnow [370] and generally giving employment to 25 persons.	Lewis I 129
1844	Mill Pond, Flour Mill, Corn Mill	E1
1851	Mill-Lane (9 sealbhóirí)	Griff.Val. 6, 7
2000 (1984)	Corn mill. On N[orth] W[est] bank of Finnow Stream ... Ivy-clad ruin of rectangular mill ...	FSCC IV 15203
2003	/mi'le:n/	F304, 354 (seoladh baile an fhaisnéiseora dheireanaigh seo : Mill Lane, Ballyclogh)

Cat.3.2 Min.2 Mapa 18f4

MILL LANE

(472)	Millmount (Rathgoggan Middle (X214.1; S0 2))
--------------	---

Cineál : teach

1812	Mill-mount (<i>T.L.</i>); Charleville.	Leet II 109
1844	-----	E1
1924	Millmount (seoladh baile)	Guy Dir. 281
1986	Millmount ("opposite the Convent")	CDHJ 1.15
2003	<i>/milmount/</i>	F251, 342 (seoladh baile an fhaisnéiseora dheireanaigh seo : Millmount, Charleville)

Is díol spéise é gur mar bhaile fearainn ann féin, is cosúil, a féachadh ar Millmount i dtosach na naoú haoise déag (1812).

Ní fios cé acu muileann arbhair i mbf. na Rátha dá dtagraítear san ainm :

2000 (1984)	Corn mill. At S[outh] E[ast] side of Charleville Building demolished subsequent to site inspection.	FSCC IV 15221
nó		
2000 (1984)	Corn mill. In Charleville.	FSCC IV 15222

Is cóngaraí muileann na dara tagartha, áfach, do chlochar an bhaile dá dtagraítear thuas (1986).

Cat.3.2 Min.3 Mapa 18a5

MILLMOUNT

(473)	Moanboy Fort (Ballysallagh (X214.8; SO 3))
--------------	---

1840	Moanbwee	AL (37) : B. O Regan, Ballysallagh.
	móin bhuidhe;	
	yellow bog	: OD
	In the tld. of Ballysallagh.	: Sit.

	The name of a Danish Fort. all arable (bf. Ballysallagh)	: Descr.Rem. AL (4) : Descr.Rem.
1842	Moanbwee Fort	DL
1844	Moanboy Fort	E1
1904	Moanboy Fort	E2
1935	Moanboy Fort	E3
7/9/1974	/mo:n'bwi:/	F238 (Téip 486B 334)
2000 (1996)	Ringfort	FSCC IV 12168
2002	/mo:nbɔi'fo:rt/	F253 (an té ar ar a chuid talún a bhfuil sé suite), 254
2002	/də'fo:rt/ a	F251, 252

Cat.2.1 Min.4 Mapa 18a6
MÓIN B(H)UÍ; yellowish bogland

(474)	Moanroe (Doony (X117.14; SO 1, 6))
-------	------------------------------------

Cineál : páirc

1938	Moanroe (or Monroe) is a field in Mrs. Sheehan's, Doona, Milford.	Bail. na S. 369.136 (per Michael Fitzgibbon, Doona, óna athair, Patrick, aois 50)
1938	Near Mrs. Sheehan's house (Doona, Milford) there is a field in which soldiers camped. The field is called Moanroe (or Monroe). In it are little hills in which lights were lighted [<i>sic</i>].	Bail. na S. 369.223 (per Michael Fitzgibbon, Doona)

2003 Trácht ar an ainm níor chuala John Savage (F285, Doony, aoisghr. 70 – 75, is é sin, úinéir reatha thalamh mhuintir Shíocháin (1937-8)) ná Edmond Geary (F197, bf. céanna, aoisghr. 50 – 55, a raibh an-chur amach ag a athair, John, ar mhionainmneacha an cheantair, cf. **Móinfhear Bán** (478), **Mointeen** (480), **Páirc na Claise** (517), **Táin Bhuidhe** (568) agus **Tobairín an Óir** (574) sa bhliain 1937-8).

Cat.4.2 Min.0
MÓIN RUA; reddish (brownish) bogland.

(475)	Moat, The (féach Karryg (417))
--------------	---------------------------------------

- | | | |
|------|--|--------------------------|
| 1842 | <p>an immense mound of most irregular outline, the remains of a once noble tumulus or Barrow. The country man who accompanied us said he remembered it in his younger days complete with the moate on the top. The moat he explained as a flat open little field.</p> | Windele Mss. 12I 10, 504 |
| 1842 | Kilmaclennan Moat | DL |
| 1842 | <p>Two fields from the church [of Kilmaclenine] a limestone rock [The Motte] rises about 15 feet above the adjoining land. On its summit is a ruined wall of considerable extent enclosed by a square area ... [which] probably constituted a Bawn to the Castle [tá seo le hidirdhealú ó Bawn of Kilmaclenine (255)], a little to the north on lower ground.</p> | Windele Mss. 12I 11.517 |
| 1853 | <p>At Kilmaclennan, about two miles from Buttevant, is an immense mound of irregular outline, the remains of a once noble tumulus or barrow. The aged man who was my cicerone stated he remembered it in his younger days complete with a moat on the top. The moat he explained as "a flat green</p> | |

	little field".	JRSAI II (Part II) 272
1881	"The Mote"	PRIA 2.123
1967	To the N[orth] W[est] [of Kilmaclenine church] on a large, flat, limestone outcrop, is The Motte, remnant of the medieval castle of le Caryg.	Shell Guide 130
1984	The Mote	MFCJ 2.139
1988	One of the two edifices we are principally concerned with is what is locally called "The Mote" (probably more correctly "motte" in its originally sense), the bare remains of stone building on the top of a grass- covered limestone crag which rises to about 400'.	Cork Castles 345
1988	the Mote	Cork Castles 345
1988	The Mote appears to be the bare remains of an early type fortress with strong walls, which was probably remodelled during the 13th and 15th century but originally based on the idea of a "motte and bailey".	Cork Castles 345
2000	/də'mo:t/ "	F94 (an té ar ar a chuid talún a bhfuil sé suite), 95

Cat.2.3 Min.4 Mapa 18e4

THE MOAT

(476)	Moatville (Rathgoggan Middle (X214.1; SO 2))
-------	--

Cineál : teach

3/3/1835	Moat Ville	Par.Reg. (p.5002) (s.n. Catherine Cunningham)
1837	Moatville (seat)	Lewis II 498

1840	Moatville House In the tld. of Rathgoggan Middle. The name of a gentleman's House.	AL (24) : K.Ryan : Sit : Descr.Rem.
1842	Moatville	DL
1844	Moatville	E1
1853	Moatville	CGn. 22.218.584
1859 (1992)	Moatville	CDHJ 6.79
1876	Great House called or known by Moatville (containing 28A., 1R., 29P.)	CGn. 53.120.1516
1887	Moatville	Guy Dir. 157
1905	Moatville	E2
1932	A well known district called Moatville in the northern portion of the townland. It consists of ... two moats.	OSFM 21,-2
1936	Moatville (Moat)	E3
1986	Moatville House	CDHJ 1.19
2000 (1998)	Country house	FSCC IV 14929
2002	/ˈmo:t vil/	F70, 253
2002	Moatville House. Standing. Derelict ... an early eighteenth century ... three- story house. It was purchased by H.C. Ball [athair mór Harry Ball, F70 ar chónaigh a mháthair ann go dtí 1989] in 1900 and sold to Golden Vale Creameries in the early 1990s.	Hajba Houses I 267

Cat.2.3 Min.2 Mapa 18a5
MOATVILLE

(477)	Móinéirín (Annagh North (X57.3; SO 7))
-------	--

Cineál : páirc

Áitíonn Patrick Irwin (F2, Annagh North, aoisghr. 70 – 75) agus a dheirfiúr, Eily (F333, bf. céanna, aoisghr. céanna) go gcloistear seo á rá fo-uair le páirc fhliuch (7 acra) i gcóngar *Banc na bPiléar* (250) trasna an tsrutháin a dtugtar *The Chapel Rampart* air i gcomharsanacht a dtí féin.

Cat.5.1 Min.3 Mapa 18c4

MÓINEIRÍN; little meadow

(478)	Móinfhear Bán (Prohust (X117.31; SO 6))
-------	--

Cineál : páirc

1938 Móinfhear bán is a field in Mr. Goold's at Prohurst, Milford.

Bail. na S. 369.135

(*per* Daniel Murphy ó Mr. John Geary, Doona, aois 35)

2002 /d̪əmu·ne:r 'b̪ɑ:n/
a

F197, 284

Deir Edmond Geary (F197, Doony, aoisghr. 50 – 55) agus Jim Lyons (F284, Prohust, aoisghr. 80 - 85) liom go dtugtar seo ar pháirc (7.5 acra) atá suite ar thalamh Jim Enright (F331) díreach taobh thoir theas de Close House (318) i gcomharsanacht thoir thuaidh reilig an cheantair, Delliga (356).

Is díol suntais é go bhfuil fuaim reatha na foirme /mu·ne:r'b̪ɑ:n/ níos cóngaraí do bhunfhuaim agus do bhunfhoirm na Gaeilge ná mar a chuirfeadh an fhoirm scríofa a bhí in úsáid breis agus trí scór bliain ó shin in iúl.

Cat.3.1 Min.3 Mapa 18b2

MÓINEAR BÁN; whitish meadow.

(479) Móinín(i) (Castlelishen (X117.7; SO 6))

Cineál : paiste talún

2003 Tugann Pat O'Leary (F296, Castlelishen House, aoisghr. 40 – 45) le fios go dtugtar /d̪əmo:'ni:nz/ ar limistéar talún trí pháirc (9.3 acra : 4.4A., 4.4A. agus .5A.) i bhfoisceacht na Fulachta Fiadh a léirítear ar E3, díreach taobh thiar thuaidh dá theach cónaithe sa chuid iarthuaisceartach den bhf.

Ní cinnte anois cad is ceart a thuiscint le –s iolra an Bhéarla sa chás seo, is é sin, an trí cinn de mhóiníní éagsúla a bhí ann dáiríre ó thosach nó an amhlaidh gur aon mhóinín amháin ba chiall leis sula ndearnadh é a roinnt i dt trí phaiste talún ar leith.

Ní deacair nádúr riascach an dá pháirc mhóra a thuiscint ós amhlaidh a shníonn abhainn Mhullach Thíre (490) fan a dteorann iartharaí le hais bhf. Curra (X117.12; SO 6) < *currach*, 'a marsh' sa pharóiste céanna.

Cat.5.1 Min.3 Mapa 18b1
MÓINÍN(Í); small tract(s) of boggy land.

(480) Mointeen (Kilbolane (X117.1; SO 1))

Cineál : páirc

1938 Mointeen is the name of the field in which Dr. Molan's house at Kilbolane is built. The land is poor.

Bail. na S. 369.135

(*per* Daniel Murphy ó Mr. John Geary, Doona (X117.14; OS 1, 6) aois 35)

2002 In ainneoin nár chuala Pat Driscoll (F290, Kilbolane, aoisghr. 75 – 80, úinéir reatha na talún) ná Edmund Geary (F197, Doony, aoisghr. 50 – 55 mac le John réamhluaite, 1937-8) trácht ar an ainm, déanann an Drisceolach tagairt ar leith do droch-cháilíocht luachrach bhogach na talún i dtimpeallacht an tí.

Cat.4.2 Min.0

MÓINTÍN; smallish tract of boggy land.

(481) Mon Abha, The (Kilgrogan (X136.1; SO 7))

Cineál : páirc

1937 "The Mon Abha" which is a boggy field is also in Cowhys [of Kilgrogan, cf. **Pá[i]rc na gCapall**].

Bail. na S. 368.43

(per Matthew Coughlan, Annagh (X57.1-3; SO 7) óna athair, John, aois 60)

2002 /dəmo'nou/
n

F2, 272

Cuireann Nora Gaffney (F272, Kilgrogan, aoisghr. 70 – 75, a bhfuil a muintir i seilbh thalamh mhuintir Chothaigh ó 1951 ar aghaidh) in iúl go dtagraíonn an t-ainm seo do phaiste talún (42 acra) sa chúinne oirthuaisceartach den bhf.

Is í an Abha Bheag (240) is teora thoir agus is teora thuaidh dó agus is í leis a scarann an dá bhf., Kilgrogan agus Annagh South (< *eanach*, 'a marsh') óna chéile.

Cat.3.1 Min.3 Mapa 18c4

MÓIN ABHA; bogland of (the) river.

(482)

Monanemerish (X57.20; SO 16)

Cineál : paiste talún

- | | | |
|------|--|--|
| 1840 | ----- | AL |
| 1864 | Monanemerish | CGn. 40.30.1070 |
| 1874 | Monanemerish | CGn. 17.244.495 |
| 1937 | ----- | E3 |
| 1938 | There is a field not far from our place known as Monaen Imrish. It is a very wet field and there are rushes growing in it. | Bail. na S. 368.40
(per Matthew Coughlan, Annagh (X57.1-3 OS 7) óna athair, John, aois 60). |
| 1988 | If one were to take the first left turn-off that little road [The Boreen Glas (276)], the area next encountered is called "Móinín Imris" ("The little Bog of Contention or of the Quarrel"). | CDHJ 3.79 |
| 2003 | Cuireann Patrick Irwin (F2, Annagh North, aoisghr. 70 – 75, iarchomharsa le Matthew Coughlan (1937-8) a maireann scríbhinní leis féin i m <i>Bail. na S.</i> , cf. Páircín na Sagart (515)) faoi mo bhráid go dtugtar /mo:ni:'nimri ʃ/ corruair i gcónaí ar phaiste talún riascach atá suite ar thalamh feirme Michael Fleming (F328) sa chuid oirdheisceartach den bhf. I gcomhair tailte eile sa saothar staidéir ar cosúil go raibh ábhar imris ag roinnt lena n-úinéireacht tráth dá raibh, féach Clampar (310), Gortinmeris (AB 23) agus Parkanumerish (AB 45). | |

Cat.3.1 Min.3 Mapa 18d4

MÓIN AN IMRIS; bogland of the controversy or contention.

(483)

Monanure (Coarliss (X25.4; SO 3); Rathgoggan South (X214.3; SO 3))

Cineál : páirc

- | | | |
|------|----------|-------------------|
| 1728 | Monanure | CGn. 56.229.33727 |
|------|----------|-------------------|

1751	Monanure (containing by estimation 45A.)	CGn. 147.306.100136
1754	Monanure	CGn. 171.472.115432
1796	Moneanure (situated and lying in the liberties of the town of Charleville)	CGn. 519.170.338658
1811	Meenenanure (<i>leg. Moanenature</i>)	Bath Map
1822	Monenure	CGn. 755.197.153132
13/4/1834	Moannanure (Parish of Charleville)	Par.Reg. (p.5002) (s.n. Elliza Healy)
1844	-----	E1
1867	Moneanure	CGn. 27.278.788
1871	Moneanure	CGn. 12.39.321
1904	Moneanure	CGn. 6.58.178
1906	Moneanure	CGn. 31.181.984
1907	Moneanure	CGn. 18.41.674
1908	Moneanure	CGn. 7.178.211
1937	-----	E3
7/9/1974	/mo:nə'nju:r/	F238

Fág is gur i mbf. Rathgoggan South atá teorantach le Coarliss a bhí an paiste riascach seo suite de réir *Bath Map* (1811), is é sin, buailte le Rathbane (539), deir Tom McAuliffe (F238, Coarliss, aoisghr. 75 – 80, *obit* 1975) gur in iarthuaisceart bhf. Coarliss ba chirte é a shuíomh, ‘west of the moat on the map’ (E3).

Cuireann Pat McAuliffe (F298, Coarliss, aoisghr. 40 – 45, garmhac le Tom) in iúl dom gur uair an-fhánach a chloistear trácht ar an ainm anois agus seasca éigin acra a bhí ann de réir a áirimh siúd.

Cat.3.1 Min.3 Mapa 18b6
MÓIN AN IÚIR; bogland of the yew tree.

(484)

Monearegariffe (Liscarroll (X182.1; SO 16))

Cineál : paiste talún

1850	Monearegariffe (part of the Town & Lands of Liscarroll)	CGn. 5.91.138
1854	Monearegariffe	CGn. 21.147.559
1863	Monearegariff being part and parcel of the town and lands of Liscarroll.	CGn. 33.247.867
1872	Monearegariffe being part of the town and lands of Liscarroll.	CGn. 15.291.423
1931	Moneergariffe	CGn. 9.58

Fág is gur cosúil ar an bhfianaise gur mhair an t-ainm seo isteach go maith san fhichiú haois (1931) trácht air níor chuala Dónal Ó Cáinte (F122, Liscarroll, aoisghr. 60 – 65, ar mór é a chur amach ar mhionainmneacha an cheantair, cf. *CDHJ* 4 (1989), 17 – 27) ná Edward Collins (F321, bf. céanna, aoisghr. 55 – 60).

Cat.4.2 Min.0

MÓINÉAR GARBH; coarse (rough) meadow.

(485)

Monk's Pond, The (Ballybeg East (X41.5; SO 17))

2000 (1984)	Shallow rectangular stone-lined pond ... to N[orth] W[est] [of Springfield house], known locally as "Monk's pond" ... Possibly associated with Clapper bridge [312] in line to N[orth] W[est].	FSCC IV 14849
2000 (1984)	clapper bridge ... May be associated with "Monk's Pond" to rear of Springfield house ... [557].	FSCC IV 14839
2000 (1997)	Pond in grounds of country house c. 550 m[etres] to E[ast] N[orth] E[ast] known locally as "Monk's Pond", may	

have been associated with priory [cf. **Abby Land, AB 1**], also probably associated with site is clapper bridge

...

FSCC IV 14379

2003

/dəmonks 'pɒnd/
 ˈ

F243, 245

Cat.3.2

Min.3

Mapa 18c6

THE MONK'S POND

(486)

Mountáin, The (Lackeen (X179.1; SO 16))

Cineál : páirc

1988

the mountáin - the little bog

CDHJ 3.81

2002

/dəmoun'tɔ:n/
 ˈ

F122, 277

Caitheann Dónal Ó Cáinte (F122, Liscarroll, aoisghr. 60 – 65) agus Mary A. O'Connor (F277, Lackeen, aoisghr. 85 – 90) araon solas ar shuíomh na háite á rá go dtagraíonn an t-ainm do pháirc gharbh (6 acra) taobh thoir thuaidh d'eaglais Gharraí an Aird (399) agus leanann orthu á rá gurb é Abha Leaicín (239) is teora thuaidh agus is teora thiar don pháirc chéanna.

Ar na foirmeacha dispeagtha de *móin*, mar atá, *móinín*, *móintín* agus *móinteán*, is é an ceann deireanach seo is lú a dtagtar air i ngort na logainmneacha trí chéile. Ar na tarlachtaintí den fhoirm chéanna i logainmneacha an chontae seo d'áireoinn (i) **Ballymountain** (*bar.* Muskerry East; p. Knockavilly; *SO 84*) < *Ballemountane*, *Fiant* 2747 (anno 1576), < *Baile an Mhóinteáin*; (ii) **Coolmountain** (*bar.* Carbery East (West Division); p. Inchigeelagh; *SO 93*) < *Coolmountane*, *CGn.* 88.110.61771 (anno 1721) < *Cúil an Mhóinteáin* agus (iii) **Mounthanes, The** (488) thíos.

Cat.3.1

Min.3

Mapa 18c3

MÓINTEÁN; small tract of boggy land ('peaty field' mar a aistrítear in Ó Cíobháin, *Top.Hib.* I.56 agus *Top.Hib.* IV 73).

(487) Mountelm (Farthingville East (X228.20; SO 7)), (Mount Elm, litriú logánta)

Cineál : teach

1840	-----	AL
1845	Mountelm	E1
1879	Mount Elm	CGn. 29.241.794
1905	Mountelm	E2
1937	Mountelm	E3
1940	Mount Elm (seoladh baile)	Guy Dir. 339
1940	Mountelm (seoladh baile)	Guy Dir. 340 (s.n.n. W. Toohill; J. Walsh)
1987	Mount Elm	CDHJ 2.40
2000 (1986)	Ringfort ... on N[orth] W[est] - facing slope	FSCC IV 12481
2002	/mount 'telim/	F181, 360 (seoladh baile na beirte faisnéiseoirí se : Mount Elm, Dromina)

Cat.2.3 Min.3 Mapa 18b3

MOUNT ELM

(488) Mounthanes, The (Ballyhane Lower (X117.5; SO 1); Coolasmuttane (X228.14; SO 2); Laragh (X117.23; SO 1, 2); Moanarnane (X117.28; SO 1))

Cineál : paiste talún

1840	-----	AL
1843	Mounthanes	Par.Reg. 3, 89

1844	-----	E1
1848	Mountanes	Par.Reg. 3, 91
1849	Mountaines	Par.Reg. 3, 93
1937	-----	E3
1937-8	Long ago there was a mass path from the Mountains to the school yard in Milford.	Bail. na S. 369.20 (<i>per</i> Madgie Lynch, Milford, Charleville óna hathair, James, aois 56)
2002	/dəmoun'tɑ:nz/ .	F289, 293

Cat.3.1 Min.2

MÓINTEÁIN; peaty fields (cf. **Mountáin, The** (486))

(489)	Mullagragh (Ardaprior (X41.2; SO 16))
-------	--

1840	Mullagragh	AL (2:23) : Trig.Dept.
	Mullagragh	: OD
	mullach ruadh	: OC
	mullach gcreach,	
	summit of the preys or booties	: OD
	In the tld. of Ardaprior	: Sit.
	The name of a Trig[onometrical] St[atio]n	: Descr.Rem.
1842	Mullagrugha or Ardaprior North	DL
1842	Mullagrugha	DL

In ainneoin gur fada ó bheith cinnte atáthar i dtaobh bhí an ainm, *Mullach na gCruach*, nó *Mullach (na) gCreach* mar a tuigeadh an scéal do OD, ní fios nár chiallmhaire *cruach* a bheith á lua le *mullach ná creach*, go háirithe i gcomhthéacs an stáisiúin triantánachta de.

Féach leis **Lisnagrough**, 'fort of the heaps' (451) sa bharúntacht chéanna.

Cat.2.5 Min.0

MULLACH NA _GCRUACH; summit of the heaps (or hills) nó (?) MULLACH
NA _GCREACH; summit of the booties.

(490)	Mullaheera - River - Bridge	} (Seeds (X117.33; SO 6); Trienieragh (X117.36; SO 6))
-------	--------------------------------	---

1840	Mullaheera malla shioradh; slow traveller? mulla thíre; top of the district meaning uncertain. Flows through the N[orth] W[estern] side of Treeneeragh The name of a small river.	AL (2:9) : Mr. J. Bruce : OC : OD : OD : Sit. : Descr.Rem.
1840	Mullaheera At the south boundary of the tld. of Castlelishen [X117.7; SO 6] I think that this ought to be the name of a hill, meaning "western summit."	AL (2:9) : Sit. : OD
1840	Dreheeden willaheera [<i>< Droichidin Mhullach Thire</i> , "little bridge of Mullaheera"] alias Mullaheera Mullaheera Br[idge] In the tld. of Seeds. The name of a certain bridge.	AL (1:41) : Inhabs. : OD : Sit. : Descr.Rem.
1842	Mullaheera River; Bridge	DL
1844	Mullaheera River; Mullaheera Br.	E1

1905	Mullaheera River, Br.	E2
1937	Mullaheera River; Mullaheera Br.	E3
1941-2	Patrick Goggin, Margaret Goggin, bf. Seeds	Reg.Elect.8 (CN : 1D 14 61, Toghroinn Ceantair : Allow)
2004	/dəbounz 'sdri:m/ .	F331, 370
2004	/gɔɡinz 'bridʒ/ (Goggin's Bridge)	F331, 370

Is muiníní go mór leagan *OD* ná leagan *OC* sa chás seo ón uair gur i gcóngar na líne dealaithe idir contae Chorcaí agus contae Luimnigh atá an talamh ard seo (400') suite.

I gcomhair ainm mar é i mbarúntacht chomharsanach Mhúscraí Thoir (p.Aghabulloge, p. Aghinagh), féach **Oughtiherry** (950', < *Uchtihiery*, CS VI 367 (anno 1656) < *Oughtheherry*, CPR 489-a (anno 1620) < *Uachtar Thíre*, 'high land of (the) district', mar a bhfuil líne dhealaithe an dá pharóiste réamhluaithe mar theora aige.

Cat.2.8 Min.2 Mapa 18b1 (-Bridge)

Cat.2.11 Min.4 Mapa 18b1 (-River)

MULLACH THÍRE; summit of (the) district.

(491)	Mullin's Bridge (Rathmorgan (X25.8; SO 3)
-------	--

1905	Mullin's Bridge	E2
1935	Mullin's Bridge	E3
2003	/molinz 'bridʒ/	F251, 298

Is é is dóichí gur i ndiaidh William Mullins a bhí i seilbh tí, oifigí agus paiste talún (27A., 2R., 13P.) i mbf. Rathmorgan sa bhliain 1851 (q.v. *Griff.Val.* 14, uimh. 9ABa) a ainmníodh an áit seo.

Cat.2.3 Min.2 Mapa 18b6

MULLIN'S BRIDGE

(492)	Murdering Hole, The (Liscarroll (X182.1; SO 16))
-------	---

Cineál : seanáit dhúnmharaithe

- | | | |
|------|--|---------------|
| 1937 | Two "murdering holes" pierce the main vault just in the rear of the outer gate. | JCHAS 42.94 |
| 2000 | On each side of apex of main vault is row of four rectangular shafts ... running obliquely through vault ... Leask notes two and calls them murdering holes. | FSCC IV 14335 |
| 2002 | /də'mordəriŋ ho:l/
. | F122, 321 |

Áitíonn Dónal Ó Cáinte (F122, Liscarroll, aoisghr. 60 – 65, staraí áitiúil) go bhfuil na poill mharaithe seo le hidirdhealú ó **Hangman's Hole, The** (405) agus leanann air á rá go ndearnadh uisce beirithe agus luaidhe leáite araon a chaitheamh anuas orthusan a raibh caisleán Lios Cearúill faoi léigear acu (3/9/1642, *Smith, Cork* I 324) ó na poill chéanna : 'the principal tower containing a stone staircase with a projecting gallery over it [had] an opening for pouring molten lead on attackers' (q.v. *Bail. na S.* 366.109, 110 (anno 1937-8)).

Cat.3.2 Min.4 Mapa 18d3 (Liscarroll Castle)

THE MURDERING HOLE

(493)

Mylnstrete (Buttevant (X41.1; SO 17))

1364

castellum ... de Bothon, cum pomario [orchard] ... et omnia tenementa quae jacent inter medium molendinum de Bothon, et dictam venellam [the said lane] quae vocatur Mylnstrete, ex parte aquilonis dicti pomarii, et extendit se ad viam communem regalem de Bothon ex parte occidentali, usque ad viam et ecclesiam beatae Brygidae [Templebridey 572] ex parte australi, et ripariam [Awbeg River 240] ...

PRC III 28

Is é is dóichí de réir shonraí treo agus suímh an tsleachta seo mar a bhfuil lua ar chaisleán Chill na Mallach, ar an seanmhuileann arbhair (MacCotter, Nicholls, PRC III 194.139), ar phríomhshráid an bhaile, ar Templebridey (Eaglais na hÉireann) agus ar an Abha Bheag gur seanfhoirm de chuid Mill Lane atá sa treis anseo :

1944

The Mill Lane (cur síos ar an suíomh)

MHRH 65, 66

1996

Mill Lane

PRC III 194.139

2001

/mi'le:n/

F96, 245

Tugtar faoi deara an bhearna shuaithinseach san fhianaise thuas dála **Glassid** (383, 1340 – 1932) agus **Kilcloosha** (420, 1200 – 1769) thuas.

Cat.3.2

Min.2

Mapa 18d6 (Mill Lane)

MILL LANE

(494)

New Barn, The (féach Old Barn, The (502))

Cat.3.2

Min.3

Mapa 18d4 (Egmont Barn)

THE NEW BARN

(495)

New Line, The (Rathgoggan Middle (X214.1; SO 2))

Cineál : bóthar

1856	Newline (seoladh baile)	Slater Dir. 194
1901	New Line (57 áitritheoirí)	Cen.Cork 186.13c.file 11
1905	New Line Bridge	E2
1911	New Cork Road	V.O. Town Plan
1937	New Line South	E3
1937-8	New Line Bridge	Bail. na S. 368.331 (seoladh Corney Scanlon)
1986	the New Line	CDHJ 1.9
1986	New Line corner	CDHJ 1.16
1986	the New Line	CDHJ 1.30
1986	along the Main Street and Castle Street (now "New Line")	CDHJ 1.52
1989	New Line	CDHJ 4.9
1989	New Line South	CDHJ 4.10
1989	New Line corner	CDHJ 4.10
2003	/d̪ənu: 'l̪əin/ .	F70, 351

Deir Ian Doyle (F355, Broad Street, aoisghr. 50 – 55) liom gur chuid den mbóthar nua go Corcaigh a tógadh go luath sa naoú haois déag é seo, 'beginning at the corner where one turns to the right leaving the Main Street and continuing south to the New Line Bridge and on to Harrison's Place' [408].

Tá an bóthar céanna le hidirdhealú ón mbóthar nua, 'the new road, eight miles in length ... from Charleville to Croom' (q.v. *Lewis* 1 324) a dtugtaí The New Line leis air.

Cat.2.3 Min.1 Mapa 19c

THE NEW LINE

(496)

Newtownbarry (Rathgoggan Middle (X214.1; SO 2))

Cineál : ceantar

1840	Newtown Barry	AL (44) : Inhabs.
	In the townland of Rathgoggan Middle	: Sit.
	The name of a lane or road.	: Descr.Rem.
1842	Newtownbarry	DL
1845	Newtown Barry	E1
1905	Newtown Barry	E2
1911	Newtown Barry (48 áitritheoirí)	Cen.Cork 188.13.17.1-23
1986	Newtownbarry [< Newtown Maxwell]	CDHJ 1.16
1989	Newtownbarry (formerly called Newtown Maxwell [q.v.])	CDHJ 4.9
1989	Old Newtownbarry formerly Newtownmaxwell	CDHJ 4.16
2003	/nu:toun'bari·/	F173, 355 (: seoladh baile ocht dteaghlach déag : Newtownbarry, Charleville)

Ar na háitritheoirí dar sloinne, **Barry/de Barra** a bhí ag cur fúthu i lána Newtown Maxwell sa bhliain 1851 d'áireoinn **David Barry** a bhí i seilbh tí agus clóis (q.v. *Griff.Val.* 93, uimh. 11) agus **Mary Barry** a raibh teach agus clós ar cíós aici ó Robert Maxwell (*Ibid.* 94, uimh. 21).

Cat.2.3 Min.2 Mapa 18a5

NEWTOWN BARRY

(497)

Newtown Maxwell (Rathgoggan Middle (X214.1; SO 2))

1811 Robert Maxwell of

	Charleville	Kenm.Mss.254
1851	Newtown Maxwell (30 sealbhóirí)	Griff.Val. 93,-4
1870	Newtown Maxwell	Slater Dir. 29
1901	Newtownmaxwell (52 áitritheoirí)	Cen.Cork 186.13c.file 12
1911	Newtown Maxwell	V.O. Town Plan
1941-2	Newtown Maxwell (60 áitritheoirí invótála)	Reg.Elect. 25
1949-50	Newtown Maxwell (59 áitritheoirí invótála)	Reg.Elect. 25,-6
1989	Newtownbarry (formerly called Newtown Maxwell)	CDHJ 4.9
1989	Old Newtownbarry [496] formerly Newtownmaxwell	CDHJ 4.16

Is amhlaidh a bhí **Robert Maxwell** dá dtagraítear thuas ina léasóir ar fhiche teach i lána Newtown Maxwell sa bhliain 1851 (q.v. *Griff.Val.* 93, 94, uimh. 3-23) agus ghníomhaigh mar ghiúistís ar bhaile na Rátha sa bhliain 1835 (q.v. *Pettig.Reg.* 184).

Cat.4.3 Min.0 Mapa 18a5 (Newtownbarry)
 NEWTOWNMAXWELL

(498)	Nook, The (Ballyclogh (X19; SO 24))
-------	--

Cineál : paiste talún

1905	----	E2
1930	The Nook	Guy Dir. 238
1937	The Nook	E3
2002	/də'nu:k/ .	F33, 303

Cuireann Dan O'Neill (F304, Scart, aoisghr. 70-75) in iúl dom gur corrúair ar fad a chloistear trácht ar ainm na cúile talún seo anois (ba sheoladh baile é tráth

den saol, cf. *Guy Dir.*) arb ar éigean is féidir idirdhealú a dhéanamh idir a shuíomh agus suíomh Smithfield (551).

Cat.2.3 Min.4 Mapa 18f4

THE NOOK

(499)	Oakfront (Clyderragh (X228.1; SO 7))
-------	--------------------------------------

Cineál : ceantar/teach

1805	Oakfront	CGn. 574.140.385722
1812	the lands of Clyderagh [q.v.] known by the Demesne of Oakfront.	CGn. 654.609.452334
1840	-----	AL
1844	Oakfront (an chuid thuaisceartach de Clyderragh)	E1
1878	Oakfront	CGn. 48.58.1326
1905	Oakfront House	E2
1936	Oakfront	E3
1938	Oakfront	Bail. na S. 368.206
2002	/ˈo:kfront/	F175, 262 (seoladh baile F175 : Oakfront, Charleville)

Ní don teach mór (1905) ná dá dhiméin (1812) amháin atá an t-ainm teoranta anois ón uair gurb é is seoladh baile do chúig cinn de theaghlaigh chomh maith (F262, *pers.comm.*)

Leagan aistrithe de Clyderragh (< *Clai Doireach*, ‘oaken fence’) is ea Oakfront.

Cat.2.16 Min.2 Mapa 18b4

OAKFRONT

(500)	Oakville (Cooliney (X70.1; SO7)) (Féach leis Baily Ville (243))
--------------	--

Cineál : teach

1856	Oakville (seoladh baile)	Slater Dir. 194
1870	Oakville	Slater Dir. 28
1886	Oakville	Guy Dir. 228
1905	Bailyville or Oakville	Hist.Top.Notes I 81
1905	Oakville	E2
1936	Oakville	E3
2002	/ˈo:kvil/	F313, 356
2002	Oakville was built in the early 1840s ... Mr. Baily, who built Oakville, died soon after its completion.	Hajba Houses I 289

Is ionann suíomh do Baily Ville (243) ar E1 agus do Oakville ar E2.

Tugann Margaret Fitzpatrick (F356, Oakville, aoisghr. 75 – 80, atá ina cónaí anseo le trí scór bliain anuas) le fios gur i bpáirc (9 acra) atá i gcóngar an tí a dtugtar The Lawn Field uirthi a bhí na crainn darach seo ag fás (E1) tráth. Crainn cnó chapail, crainn feá agus seiceamair a fhásann anois ann.

I gcomhair eiseamláirí níos luaithe den iarmhír *-ville* sa bharúntacht chéanna féach (i) **Charleville** (bf. X214.2; SO 2, anno 1662) agus (ii) **Farthingville** (X228.20; SO 7, anno 1758).

Cat.2.3 Min.3 Mapa 18b4

OAKVILLE

(501)	O'Gorman's Square (Rathgoggan Middle (X214.1; SO 2))
--------------	---

1911	O'Gorman's Square (30 áitritheoir)	Cen.Cork 188.13.18.1-8
1989	O'Gorman's Square	CDHJ 4.8
1989	O'Gorman's Square, where there were 13 houses.	CDHJ 4.11
1989	Gorman's Square	CDHJ 4.13
1989	O'Gorman's Square	CDHJ 4.16

Cuireann Ian Doyle (F355, Broad Street, aoisghr. 50 – 55) in iúl dom gur i gcóngar Chearnóg an Mhargaidh ('adjacent to the Market Square') a bhí an chearnóg seo suite.

Lua ar an áit mar sheoladh baile níl in *Reg.Elect.* (1941-2).

Ar na daoine dar sloinne **O'Gorman** a bhí ag cur fúthu i gcomharsanacht seo bhaile na Rátha tamall de bhlianta roimh an gcéad iontráil thuas (1911) bhí **Roger O'Gorman** a bhí i seilbh trí phaiste talún i mbf. Rathgoggan Middle (áit a bhfuil An Ráth suite : 4A., 2R., 36P.; 4A., 1R., 25P. agus 7A., 1R., 5P.) sa bhliain 1851 (q.v. *Griff.Val.* 87, uimh. 27-29), **Mary O'Gorman**, Smith's Lane (q.v. *Slater Dir.* 194) agus **Thomas O'Gorman** (*Ibid.*) ar phríomhshráid an bhaile.

Cat.4.3 Min.0

O'GORMAN'S SQUARE

(502)	Old Barn, The (Egmont (X57.19; SO 16))
-------	---

1850	The Old Barn (cur síos) It is said to have been built by an English man named Taylor [i.e. William Taylor, Esq., Churchtown, luaite in <i>Smith, Cork I</i> 316] about two centuries ago.	Windele Mss. 12I 10.205 Ibid.
1850	A curious stone roofed building called	

- the Old Barn. Trad[iti]o[n] says it is very old and had been a barn and cider press. (cur síos). Windele Mss. 12I 11.644
- 1911 There is also [féach **Poulnabrian** (*AB* 47)] (it is believed) a secret passage between Burton House and the New Barns [*sic*], i.e., Old Barn - at any rate this is the popular belief. Hist.Top.Notes II 178
- 1918 On 29/7/1907, ... I visited the Old (or New) barn on "Rock of Egmont". Hist.Top.Notes III 97,-8
- 1918 The Old Barn Hist.Top.Notes III 101
- 1937 Egmont Barn; Souterrain (Site of) E3
- 1937-8 The New Barn. The mortar that is keeping the walls together was mixed with the blood of their enemies' cattle. Bail. na S. 367.435
(*per* Mary O'Sullivan, Imogane, Churchtown)
- 1937-8 There is an old barn in the land of Mr. O'Callaghan in Egmont. Some say it was a protestant place of worship or a druid's alter. It is now in ruins and is called the New Barn. There is a hole in the centre of the ruin and it is the entrance to the underground passage which ends in the cave in Walshtown. Bail. na S. 367.452
(*per* Evelyn O'Connor Annagh [South] ó Mr. McCarthy, Ballinguile)
- 1937-8 In the parish of Churchtown there is an old building called the New Barn. It was a stronghold of the Danes ... There is a tree growing in the centre of the field where the barn is under which it is said there is gold buried. Bail. na S. 368.73
(*per* Edmond Galligan, Ballinaboul ó Mr. Joseph Manning, Egmont, Churchtown, aois 55)
- 1988 The Old Barn (known locally as-) Cork Castles 304
- 1988 "The Old Barn" ... built as a cider press as there were large apple

	orchards in the immediate area all of which are now long gone.	CDHJ 3.105
2000 (1998)	Barn ... Underground vaulted cellars immediately to N[orth]	FSCC IV 14946
2003	/di:'o:l barn/ /də'nu:barn/	F2, 236

Tugann Christopher Sherlock (F236, Egmont, aoisghr. 70 – 75, iarúinéir na talún ar a bhfuil an scioból suite) le tuiscint go dtagraítear fo-uair i gcónaí don áras seo faoin dá ainm thuas ach is neamhchomónta leis an chéad fhoirm díobh seo.

Cat.3.2 Min.4 Mapa 18d4 (Egmont Barn)
 THE NEW BARN
 THE OLD BARN

(503)	Old Charter School (Rathgoggan South (X214.3; SO 3))
-------	---

1750	The present Earl of Orrery gave 15 acres of land, worth 11 per Annum for the encouragement of a charter working-school near this town, erected for the reception of 40 children. The building cost 350l., it was opened on the 18 th of April 1748 and 20 children, 10 of each sex admitted, being completely cloathed. [sic].	Smith, Cork I 312-3
1778	Charter School	T & S 184
1795	Here is a charter school which was endowed by the R[igh]t Hon[ourable] the earl of Cork and Orrery with 15 acres of land and in which 23 children are usually kept.	Seward
1811	Charter School (féach Nóta 8)	Bath Map
1815	a charter working school	Stat.Surv. I 442

1837	charter school	Lewis I 325
1840	Old Charter School In the townland of Rathgoggan South. The name of a Gentleman's house.	AL (38) : T. O'Brien : Sit. : Descr.Rem.
1842	Old Charter School	DL
1844	Old Charter School	E1
1905	Charter Ho[use]; Charter School Cross Roads	E2
1936	Charter House; Charter School Cross Roads	E3
1944	Charleville School (20/6/1787)	JCHAS 49.93
1988	The Charleville Charter School (1748-1827)	CDHJ 3.25
2002	/t ʃartər hous/	F251, 252

Cat.2.3 Min.4 Mapa 18b6

CHARTER HOUSE

(504)	Old Deer Park (Ballyclogh (X19; SO 24)) (féach leis Dirriniveagh (AB 14))
--------------	--

1717	Bartholomew Purdon of Ballyclogh ... the plowland of Scart [X19.13; SO 24] and part of Lisleagh [X19.10; SO 24] northwards of the said Barth[olomew] Purdon's Deer Park.	CGn. 19.426.10499
1811	Léirítear ach ní ainmnítear ar	Bath Map
1842	Park Turret	DL
1844	Old Deer Park	E1
1844	the old Deer Park about 60 perchs north of Ballyclogh Castle	MSO I 286
2003	Trácht ar ainm ná ar ionad sheanpháirc seo na bhfianna níor chuala Tim Fitzgerald (F33, Blossomfort, aoisghr. 75 – 80) ná Tim Cronin (F305, Scart, aoisghr. 85 – 90).	

OLD DEER PARK

(505) Páirc an Airgid (Curraghcloonabro West (X228.16; SO 7))

2000 Cuireann Pat Curtin (F268, Newtown North, aoisghr. 50 – 55) agus Charlie Hawe (F269, Newtownshandrum, aoisghr. 75 – 80) ar mo shúilibh dom go dtugtar /pa:rk ə 'nargid/ ar pháirc dhronuilleach (7.5 acra) ar fheirm mhuintir Threoigh ar le muintir Eachach an fheirm tráth. An tarna páirc laistiar de theach cónaithe úinéirí na talún atá sa treis anseo.

I gcomhair mionainmneacha mar é i mbarúntacht chomharsanach Dhúiche

Ealla, féach :

- (i) **Páirc an Airgid**, 'Field of the Silver', (bf. Greenane, *SO 23*; Bowman, *PNAD 266*) agus
- (ii) **Páircín an Airgid**, 'Little Field of the Silver' (bf. Glenlara; *SO 14*; *Ibid.* 60).

Féach leis '**Páircín an Airgid**, 'Little field of the Money', an allusion to alleged buried treasure' (bf. Lackandarragh, *SO 43*, Power, *PRIA 34C (1917)*, 14) i mbarúntacht chomharsanach Bharrach Móra.

Cat.5.1 Min.3 Mapa 18b3

PÁIRC AN AIRGID; field of the silver or money.

(506) Páirc an Locha (Clashelane (X57.13; SO 16))

2003 Deir Anne Sampson (F233, Ballynamuck, aoisghr. 70 – 75) agus James Sampson (F362, Churchtown, aoisghr. céanna) liom go dtagraíonn /parkə'lokə/ do pháirc dhronuilleach (9 acra) arb i an líne dhealaithe idir an dá bhf., Clashelane agus Imogane (X57.22; SO 16), is teora thoir di agus tarraingíonn siad m'aire ar phaiste fliuch (is é sin, a bhfuil fanta den loch) i gcúinne iardheisceartach na páirce céanna.

Cat.5.1 Min.3 Mapa 18d5

PÁIRC AN LOCHA; field of the lake (or pond).

(507) Páirc na Róinne (Ballycushen (X19.2; SO 24))

2002 Dearbhaíonn Dan O'Neill (F304, Scart, aoisghr. 70 – 75) agus Tim Cronin (F305, bf. céanna, aoisghr. 85 – 90) go dtugtar /pa:rkə'nə:ro:nə, pa:rkə'ro:nə / corruair i gcónaí ar pháirc mhór (20 acra) fhada dhronuilleach atá suite díreach taobh thoir thuaidh de mhórtheach an bhf., Ballycushen House, ar fheirm Art O'Grady (F306), mar a dtagann an dá bhf., Ardskeagh (X41.2; SO 24) agus Tullacondra (X19.14; SO 24) le chéile sa chuid oirthuaisceartach den bhf.

Ar cheistiú Dan O'Neill dom féachaint ar chuimhin leis capaill a fheiscint ar an bhfeirm seo riamh (agus brí *róinne/rúainne* á cur sa mheá agam), deir sé 'many horses of the Irish draught and half-bred variety owned by the residents of Ballycushen House over many generations were born, bred and broken in this field mainly for show-jumping purposes up to around 1940'.

Cat.5.1 Min.4 Mapa 18e4

PÁIRC AN RÓINNE (malairt leagain de *rúainne* < *rón*, *DIL*); field of the (horse-) hair, fibre.

(508) Páirc an Síthe ((?) Prohust (X117.31; SO 6))

1937

There was once a man in this district named Michael O'Keeffe. One night as he was going home from work, he saw a ploughing in a field. There was a bull drawing the plough. All of a sudden, the plough, man and bull vanished from sight. It is said that there was money buried in that field and that it was the man who put it there. The bull was an enchanted one and it is said that he was minding the money. That field was called "Páirc an Sidhe."

Bail. na S. 367.405

(per Eilish Noonan ó Mrs. McCarthy, Liscarroll, aois 74).

In ainneoin nár chuala Dónal Ó Cáinte (F122, Liscarroll, aoisghr. 60–65 – ba i mbf. Lackeel (p.Kilbrin) i mbarúntacht chomharsanach Dhúiche Ealla a bhí cónaí ar an bhfaisnéiseoir, Mrs. McCarthy, a deir sé) ná Jim Lyons (F284, Prohust, aoisghr. 80-85) trácht ar an ainm, luann Jim eachtra robála a chuala sé a tharla sa teampaillín (571) i gCill Bhláin, áit atá suite i bhfoisceacht dhá mhíle slí siar ó thuaidh ó bhf. Prohust, scéal ar thagair T.M. O'Driscoll (oibrí sa tSuirbhéireacht Ordanáis) dó in alt leis dar teideal 'Parish of Milford, Co. Cork' (*JCHAS* 39 (1934), 91) : 'some few years ago a few misguided youths dug a trench 5ft. deep and 4ft. wide immediately inside the western gable, searching for treasures, and got under the foundation of the wall, which may now collapse'.

2000 (1998) Interior of church dug out in late 19th/early 20th century by treasure hunters.

FSCC IV 14425

I gcomhair scéal eile robála sa cheantar céanna a d'inis an faisnéiseoir céanna (Mrs. McCarthy) do Eilish Noonan, féach **Páirc an Tairbh Dhuibh** (509, tarbh draíochta osnádúrtha eile a dhéanann an t-amhantar a chosaint ar robálaithe atá sa treis anseo arís) thíos.

Scéalta eile robála ó fhaisnéiseoirí eile sa cheantar timpeall an ama chéanna is

ea :

(i)

1937-8 It is said there is gold hidden in Daniel Keane's farm in Moygue [X187.7; SO 7, atá suite i ngiorracht dhá bhaile fearainn taobh thoir theas de bhf. Prohust]. There is a big circle in the field and it is said there are two mason work pots in it. Some men tried to open it by night to get the gold ... It is said a red bull hunted them. The bull was not alive

Bail. na S. 367.3

(per Desmond Fitzgerald,
Moyge ó Patrick Flynn,
Moyge, aois 74)

agus

(ii)

1937-8 It is said there is a crock of gold hidden between Liscarroll and Churchtown [is i bhfoisceacht beagán mílte slí taobh thiar thuaidh den mbóthar seo atá bhf. Prohust suite] and there is a black bull minding it. People were looking for it. But the black bull hunted them and they were not able to get it.

Bail. na S. 367.7

(per Patrick Bowles,
Granard, Liscarroll ó
William J. Ryan, Castle
McCarthy, Liscarroll,
aois 62).

Níl an faisnéiseoir seo a leanas chomh muiníneach céanna as scéal seo na creiche agus an tairbh thaibhsiúil :

1937-8 The Hayes's [bf. Doony, cf *Bail. na S.* 369.125] dug inside the Teampaillín and did not find anything or see a bull. They dug in the day but the belief is that the treasure must be found at night. Mr. Watson says he tried outside and

inside the Teampaillín with the driving rod and he maintains there is no gold there.

Bail. na S. 369.101

(*per* John Watson, Milford, aois 53)

Ní foláir nó is as scéal seo chomharsanacht chéanna seo i dtreo dheireadh na seachtú haoise déag a d'eascair scéal nó eachtra na robála (dár tagraíodh thuas) : 'having considerable sums of money and gold lying by him in cash at his dwelling house of Kilbolane [is i bparóiste sibhialta Chill Bhláin atá bf. Prohust agus An Teampaillín suite] ... and having had no conveniency to carry off his money and gold, or being apprehensive that he should be plundered and robbed thereof in case he attempted to carry the same with him, he buried and hid under ground several quantities of his own gold and silver in several places in and about the garden Castle and Castle Bawn of Kilbolane' (féach Mac Lysaght, *Bowen Pap.* 17, anno 1690c.)

Cat.4.2 Min.0

PÁIRC AN ṚSÍ; field of the fairy (-mound).

(509) Páirc an Tairbh Dhuibh (Prohust (X117.31; SO 6))

1937-8 There is supposed to be a pot of gold hidden in the townland of Prohus[t]. It was hidden by the Irish when the Danes came to Ireland. It is said that two men went one night to get the gold ... They dug the whole night through and the next night and on the third night they came to a big flag. They were just about to lift it when a big black bull rushed out. One of the men tried to hit her [*sic*] with a spade. He was unable to hit him and he ran home. That field

was ever after called Páirc an Tairbh
Dhuibh.

Bail. na S. 369.101

(per Eilish Noonan ó
Mrs. McCarthy,
Liscarroll, aois 74)

Trácht ar an ainm seo (cf. Páirc an Síde (508) thuas) níor chuala Dónal Ó
Cáinte ná Patrick Irwin (F2, Annagh North, aoisghr. 70 – 75, a raibh aithne
aige ar Eilish Noonan nach maireann agus a maireann scríbhinní leis féin i
mBail. na S., cf. Páircín na Sagart (515).

Cat.4.2 Min.0

PÁIRC AN TAIRBH DHUIBH; field of the black-hided bull.

(510) Páirc (?) Cooper/Hooper (Farthingville East (X228.20; SO 6))

2001 /par'ku:pər/

F258, 363

Deir Michael Murphy (F258, Farthingville East, aoisghr. 75 – 80) agus Denis
O'Callaghan (F363, bf. céanna, aoisghr. céanna) liom go dtugtar seo ar pháirc
(5 acra) atá suite ar thalamh feirme an fhaisnéiseora dheireanaigh seo i gcóngar
an bhóthair a shíneann leis soir ó dheas ó thobar Bhachall Íosa (242) i dtreo
bhf. Dromina (X228.18; SO 6, 7).

Ós amhlaidh nach bhfuil aon chuimhne ag na comharsana béal dorais
réamhluaite ar aon duine den sloinne Cooper (Reaney, *Brit.Surn.* 76, 'maker or
repairer of wooden casks, buckets or tubs') nó Hooper (Cottle, *Dict.Surn.* 186,
'one who fits hoops on casks ... a cooper') a bheith lonnaithe anseo (agus
fianaise ar a leithéid níl in *CGn.*, *TAB*, *Griff.Val.* ná *Cen.Cork* (1901) 172.6),
tharlódh gur cúipéir nó fear déanta fonsaí a chónaigh nó a d'oibrigh anseo
anallód ba cheart a léamh le dara mír an ainm.

Cat.5.2 Min.4 Mapa 18b3

PÁIRC (?) COOPER/HOOPER.

(511) Páirceen na Sallaf (Lackeen (X179.1; SO 7))

2002 Deir Mary A. O'Connor (F277, Lackeen, aoisghr. 85 – 90) agus Mary Keane (F319, Moyge, aoisghr. 80 – 85) liom go gcloistear /pa:rkəsa'li:/ á thabhairt fo-uair i gcónaí ar pháirc bheag (3 acra) atá suite tuairim is míle slí laisteas den Láinín (437) sa chuid thuaisceartach den bhf. Crainn sceiche amháin atá ag fás anois inti.

Cat.3.1 Min.3 Mapa 18c6

PÁIRC(ÍN) NA SAILÍ; (little) field abounding in willow trees.

(512) Páirc Eilíse (Blossomfort (X19.4; SO 24, 32))

2002 /parke'li: ʃə/ F33, 309

Cuireann Tim Fitzgerald (F33, Blossomfort, aoisghr. 75 – 80) agus Dan O'Neill (F304, Scart, aoisghr. 70 – 75) in iúl dom gurb uair an-fhánach anois a chloistear seo á thabhairt ar pháirc (6 acra) dhronuilleach ar thalamh an Ghearaltaigh sa chuid thiar theas den bhf.

Cat.5.1 Min.3 Mapa 18f4

PÁIRC EILÍSE; Elizabeth's (Eliza's) field.

(513) Páircín na Cille (Mountbridget (X57.25; SO 16))

1844

E1

- 1932 This ancient burial ground is known by the name Páircín na Cille. OSFM 210-1
- 1937 Páircín na Cille Bail. na S. 367.378
- 1937 Páircín na Cille (féach Templenakilla (573)) E3
I leith oiriúnacht thopagrafach *tonn* (*DIL*, i.f. 'a bog or marsh', > *toinn*, logthuiseal tabharthach uatha) sa chomhthéacs reatha, féach bf. **Annagh Bogs** (< *eanach*, 'a marsh' + Bogs; 'a deep and dangerous morass', *Smith, Cork I* 315), is é sin, an bf. ina bhfuil sé suite, dála **Bruytoyng** (285) < *Brú Thoinne*, 'border of (the) marsh' agus **Tinbriggidane** (*AB* 53) < *Toinn Bhriogadán* (b'fhéidir, 'marsh of (the) short prickly stumps').

Cat.5.1

Min.4

Mapa 18c4 (Annagh Bogs)

TOINN; a bogland

(594)**Toll Gate (Ballybeg Middle (X41.6; SO 17))****Cineál : crosbhóthar**

1778	Turnpike	T & S 183
1841	Turnpike Stone	DL
1844	Toll Gate	E1
1851	Toll-house, Tolls of Turnpike, Trustees of Turnpike (bf. Ballybeg East)	Griff.Val. 20
1905	Léirítear ach ní ainmnítear ar	E2
1937	Léirítear ach ní ainmnítear ar	E3
1944	The old turnpike road, its surface now rough and grass-grown.	MHRH 80
2002	/pəi'krɒs/	F243, 245

Dhéantaí táille a ghearradh i rith na dara leithe den ochtú haois déag ar lucht úsáidte an bhóthair ó Chill na Mallach a shín leis ó dheas i dtreo Mhala agus soir i dtreo Dhún ar Aill ag an bpointe straitéiseach seo.

Féach leis **Pike Farm, The** (526) thuas agus **Turnpike** (603) thíos.

Cat.2.17 Min.2 Mapa 18e6

PIKE CROSS

(595)	Toorbeg (féach Gibbing's Grove (381))
-------	---------------------------------------

Cineál : paiste talún

1636	Tooremore; Toorebegg (132A., 1R., 37P.) (The Orchard Meadow containing 2A., 1R., 17P.)	Kelly Map (s.n. Thomas Gibbings)
21/5/1733	Tooremore	Justices 63 (s.n. Thomas Gibbons)
1750	Toonmore [<i>sic</i>] now Gibbons Grove (The Toonmore Apple)	Smith, Cork I 315
1835	lands of Gibbingsgrove <i>orse</i> Tourmore & Tourbeg	CGn. 1.106.8
1835	Tourmore; Tourbeg	CGn. 1.107.9
1840	-----	AL
1844	-----	E1
1879	Tourmore; Tourbeg	CGn. 40.268.1116
1918	Toonmore (<i>recte Toormore</i>)	Hist.Top.Notes III 120
1986	Toormore (Gibbings Grove)	CDHJ 1.96

1989	Toonmore (Gibbinggrove. Its older name was -----).	CDHJ 4.54
1991	Taurbeg	CDHJ 5.80

Áitíonn Tadhg Connell (F289, Doony, aoisghr. 70-75) agus Vincent Cagney (F293, Gibbing Grove House, aoisghr. 65-70) go gcloistear trácht corruair i gcónaí ar /tu:r'beg/ a bheith á thabhairt ar thalamh chomharsa leo, Michael Roche.

Cat.3.1 Min.3 Mapa 18b2 (Gibbing Grove)

TUAR MÓR; animal enclosure, large

TUAR BEAG; animal enclosure, small.

(596)	Trinity Well (Rathgoggan South (X214.3; SO 3))
-------	---

1840	Trinity Well	AL (20) : Mr. T. O'Brien
	Tobar na Tríonóide	: OC
	well of the Trinity.	: OD
	In the tld. of Rathgoggan South.	: Sit.
	Holy Well.	: Descr.Rem.
1842	Trinity Well	DL
1844	Trinity Well;	
	Church (in ruins); Grave Yard	E1
1905	Trinity Well	E2
1935	Trinity Well	E3
2000 (1984)	Holy well ... now dry and disused with grass and stone dumped into it. According to local information, well dried up when baby with diseased skin was washed in it.	FSCC IV 14032

Soláthraíonn OC leagan Gaeilge thuas.

I gcomhair samplaí eile de naíonáin a bheith á ní as uisce beannaithe i gcontae Luimnigh ionas gur lean bogadh an truailliú (triomú a lean an truailliú i gcás an ainm reatha), féach **Kenny's Well** (bf. Gortavalla East, 'the well moved when an infant was washed in it', Ó Danachair, *Limerick Wells* 205.39) agus **St. Patrick's Well** (bf. Grean, 'it moved when a travelling woman washed an infant in it', *Ibid.* 206.42).

Toibreacha beannaithe mar é sa chontae céanna is ea (i) **Trinity Well** (*bar.* Duhallow; p. Clonfert); (ii) **Trinity Well** (*bar.* Carbery East, West Division; p.Castleventry) agus (iii) **Tobernatrinoda** (*bar.* Carbery East, East Division; p.Rathclarin), O'Donoghue, *PNWCork* 114.

Cat.2.4 Min.0 Mapa 18a5

TRINITY WELL

(597)	Tuairín (Prohust (X117.31; SO 6))
-------	--

Cineál : páirc

2003

/d̪ətu:'ri:n/

F283, 284

Tugann Michael O'Flynn (F283, Prohust House, aoisghr. 80-85) le fios go dtugtar seo ar pháirc mhór dhronuilleach (9.8 acra) atá suite i ngiorracht páirc amháin taobh thoir theas dá theach cónaithe. Síneann an pháirc léi soir ó thuaidh ón bpasáiste laistean den teach i dtreo abhainn na Daoile i gcóngar an phaiste talún a dtugtar The Division air go háitiúil.

Cat.5.1 Min.3 Mapa 18b2

TUAIRÍN; little animal-enclosure or bleaching green.

(598)	Tubberacoppeen (Grange East (X41.19; SO 16))
-------	--

1905	Tubberacoppeen	E2
1937	Tubberacoppeen	E3
1937	-----	OSFM
1937-8	-----	Bail. na. S.
2001	/ko'pi:n/	F82, 232

Féach leis sa chontae céanna (i) **Tobercuppeen** (583) thuas, (ii) **Toberacapeen** (*bar.* Imokilly; p. Youghal) :

1840	Tubberacoppeen tobar a chaipín; well of the cap.	AL (1:43) : Examiner : OD
------	--	----------------------------------

agus

(iii) **Toberacapeen** (*bar.* Carbery East (East Division); p. Kilbrittain)

1840	Toberahoppeen	AL (25) : Walter B. Moore
	Toberahoppeen tobar a chuipín Tobar a chaipín; the well of the cap or cover.	: William Sullivan : pl (OC) : OD
	A very good spring well over which there is a ... cover of stone and mortar erected from which cover it is called Toberahappeen.	: Descr.Rem.

Cat.2.13 Min.4 Mapa 18e5

TOBAR AN CHAIPÍN; well of the cap or cover (féach leis *Dinneen*, s.v. *tobar: Tobar an Chaipín*).

(599)	Tubberadown (Templemary (X41.30; SO 16))
--------------	---

1905	Tubberadown	E2
1925	In the townland there is a well formerly much frequented called Tubberadown (the well of the world).	Hist.Top.Notes IV 243
1937	Tubberadown	E3
1937	-----	OSFM
1937-8	-----	Bail. na S.
1999	/toberə'doun/	F213, 246
1999	/də'wel/ (is comónta)	F231, 246

Deir Jack Keane (F231, Farrancotter, aoisghr. 80-85) agus Denis Frawley (F246, Templemary, aoisghr. 55-60) liom go mbíodh áitritheoirí an dá bhf. seo ag triall ar an tobar faoi dhéin uisce go dtí gur dúnadh é thart ar 1940.

Tugtar faoi deara an meafar áibhéalach *-an domhain*, 'of the world', más fíor, i gcuid *-adown* den ainm.

Cat.2.1 Min.4 Mapa 18e4

TOBAR AN DOMHAIN; well of the world.

(600)	Tubberaskeagh (Grange East (X41.19; SO 16)) (Le hais Tubberacoppeen (598))
--------------	---

1905	Tubberaskeagh	E2
1937	Tubberaskeagh	E3
1937	-----	OSFM
1937-8	-----	Bail. na S.
2002	/sgehə'well/	F82, 232

Léiríonn Mary O’Keeffe (F232, Grange East, aoisghr. 75-80, an té ar ar a cuid talún a bhfuil sé suite) dom go bhfuil sceach mhór suite os cionn an tobair agus leanann uirthi á rá go mbíodh seanchomharsa léi, Louis McCarthy (*obit* 1995), ag triall ar an tobair i gcomhair uisce fadó.

Is cuimhin léi leis an Cárthach a bheith á rá go mbíodh ceirteacha beaga agus paidríní le feiscint timpeall an tobair go dtí tuairim is 1940.

Is díol spéise leis é gurb í an sceach an crann is comónta a dtagtar uirthi i gcóngar nó os cionn an tobair bheannaithe trí chéile de réir shuirbhé náisiúnta a rinne T. Lewis, ‘The whitethorn [103/210] predominates as the companion of the holy well’ (féach *JCHAS* 68 (1963), 42).

Féach ina leith seo ‘a gnarled, lichen-covered whitethorn’, St. Laghteen’s Well, bf. Knockyrourke (Hartnett, *Muskerry Wells* 110), ‘a large whitethorn tree’ Tobernarnafinne Well, bf. Kilclogh (*Ibid.* 113), (iii) ‘two whitethorn trees’, St. Bartholomew’s Well, bf. Kilmartin Lower (*Ibid.* 110) i mbarúntacht chomharsanach Mhúsraí Thoir agus na sceacha seo a leanas i gcontae Luimnigh dá dtagraítear in Ó Danachair, *Limerick Wells* 202.1, 202.4, 202.8, 202.9, 202.10, 203.15, 203.17, 205.33, 205.38, 206.49, 207.56, 207.58, 208.69, 209.74, 210.88, 210.100, 211.103, 212.115, 212.118, 214.129, 215.145 agus 217 (Tobernaskeha, bf. Grean).

Cat.2.13 Min.4 Mapa 18e5

TOBAR SCEICHE; well of the (lone) whitethorn tree.

(601)	Tubberatadhg (Tullig (X36.5; SO 16))
--------------	---

1840	-----	AL
1844	Well (Léirítear ach ní ainmnítear).	DL

1905	Tubberatadhg	E2
1925	In a field about 300 yards north-east of [Tullig] house are remains of a building, which, according to local tradition was an old church and near it (N[orth] E[ast]) is a well called Toberheigue, well of Thady.	Hist.Top.Notes IV 254
1937	Tubberatadhg	E3
7/9/1974	/tobər 'təig/	F240 (Téip 487A412)
2000 (n.d.)	Possible church ... Exact location not known.	FSCC IV 14533
2000 (n.d.)	Possible church. According to Grove White [cf. <i>Hist.Top.Notes</i> IV 254 <i>supra</i>] local tradition that "remains of a building" in field c.300 m[etres] N[orth] E[ast] of Tullig House was "an old church" with well called Toberheighue nearby.	FSCC IV 14533
2002	/tobər'təig/	F162
2002	/də'wel/ a	F34, 69

Tharlódh gur dearmad ó thaobh an ghreanadóira de (E2) ba chúis le –a- a shleamhnú isteach i bhfoirm na bliana 1905, foirm ar uirthi atá foirm na bliana 1937 (E3) bunaithe.

Is fearr de thraslitríú é Thubbertige i gcontae Chiarraí (*bar.* Offaly; p.Kildangan) ná Tubberatadhg ar na léarscáileanna thuas :

1840	Thubbertige	AL (17) : Thos. Sheehan
	Tobar Taidhg;	
	Timothy's well	: OD

Cat.2.1 Min.4 Mapa 18d5

TOBAR THAIDHG; Thady's (Timothy's) well.

**(602) Tubberbrawka ora (Knockanare (X41.21; SO 17))
(Féach leis St. Winifred's Well (564) agus Well of the Golden Gate, The (607))**

- | | | |
|--------|--|--|
| 1811 | Springwell (Léirítear ach ní ainmnítear) | Bath Map |
| 1840 | ----- | AL |
| 1842 | Well. (Léirítear ach ní ainmnítear) | DL |
| 1844 | ----- | E1 |
| 1906 | The well in which the wounded were dipped [in "the Battle of Knockanaar"], Tabar Braca Ordha (Tubber Brawka ora) was covered by a golden harrow and lies on the hill. | JCHAS 12.141 |
| 1937-8 | Tubberbrawka (a well on the margin of the Awbeg [240] at the hill of Knockanare). | Bail. na S. 371.177
(per Pádraig Ó Luinneacháin, N.T., Castletownroche) |
| 1944 | St. Winifred's Well [564]. This was originally named Tobar Braca Ordha, "the well of the golden harrow". The wounded in battle were bathed by the druids in this well with such a miraculous effect that they were in perfect health the next day. After the battle [of Knockanare] the druids covered the well with a golden harrow and earth, and centuries elapsed before it was again uncovered. | MHRH 40, 41 |

Cat.4.1 Min.0 Mapaí 17, 18e6

TOBAR BHRÁCA; well of (the) hardship (of battle).

(603) Turnpike (Castleharrison (X25.3; SO 8))

Cineál : crosbhóthar

1778	Turnpike	T & S 184
1811	Ballyhea Turn Pike (féach Nóta 8)	Bath Map
1840	Ballyhay Pike	AL (24) : Inhabs.
	The name of a turn pike	: Descr.Rem.
1842	Ballyhay Turnpike	DL
1845	Turnpike	E1
1905	Turnpike	E2
1937	Turnpike	E3
1987	the Old Pike at Ballyhea	CDHJ 2.97
1990	The Pike Cross	CDHJ 5.53
2002	/pəi'krɒs/	F251, 330 (seoladh baile F330)

Tógadh paidhc ag crosbhóthar seo Bhealach Átha i rith na dara leithe den ochtú haois déag ionas go n-íocfadh lucht úsáidte an bhóthair a shín leis ó Lios Cearúill go dtí Bealadh Átha agus as sin i dtreo Chill Mocheallóg i gcontae Luimnigh as costas cúraim an bhóthair.

Féach leis **Pike Farm, The** (526) agus **Tollgate** (594) thuas.

Cat.2.17 Min.2 Mapa 18b6

PIKE CROSS

(604)	Turretts, The (Rathgoggan Middle (X214.1; SO 2))
--------------	---

Cineál : ceantar

1840	The Turretts	AL (21) : Mr. T. O'Brien
	In the townland of Rathgoggan Middle	: Sit
	The name of a part of a street or road at the end of the town of Charleville	: Descr.Rem.

1841	the Turretts	CGn. 11.58.299
1842	Turret and Gate Lodge	DL
1844	Turret Gate and Lodge	E1
1851	The Turretts	Griff.Val. 94
1856	Turretts	Slater Dir. 194
1872	Battons plot commonly called the Turretts.	CGn. 15.121.407
1872	The Turretts	CGn. 22.234.618
1874	The Turretts	CGn. 17.53.475
1894	the field known as the Turret field containing 10A., 3R., 18P.	CGn. 33.240.1077
1906	one outskirts of the town [of Charleville] called the Turretts.	CDHJ 1 (1986), 15
1911	Turretts Field	CGn. 4.85.36
1911	Turretts (40 áitritheoirí)	Cen.Cork 188.13.21.1-23
1986	The Turretts was - and still is - that northern suburb of the town stretching from the Convent to Saunder's Park Gate [544]	CDHJ 1.13
1986	The Turretts ... possibly got its name from the turreted towers that flanked the driveway into the Manor House. The only indication as to where these towers existed is the stone plaque on the entrance gate to the property opposite Love Lane [458], which carries the inscription "Fort St. George" [374].	CDHJ 1.13
2000	/də'torəts/ .	F70, 251

Cat.2.3 Min.2 Mapa 18a5

THE TURRETS

(605) Two Mile Cross Roads (Killaree (X228.27; SO 2); Shandrum (X228.1; SO 2))

1845	Léirítear ach ní ainmnítear ar	E1
1905	Two Mile Cross Roads	E2
1932	Two Mile Cross Roads	OSFM 15
1937	Two Mile Cross Roads	E3
1987	Two Mile Cross	CDHJ 2.158
2002	/tu: mæil 'kros/	F172, 187

I bhfoisceacht dhá mhíle slí taobh thiar theas de bhaile na Rátha atá an crosbhóthar dá dtagraítear san ainm suite.

Cat.2.3 Min.2 Mapa 18b4

TWO MILE CROSS

(606) Ward's Fields (Rathgoggan Middle (X214.1; SO 2))

1986	The Wards held some land at the southern end of the town. The field to the rear of Seán Clárach Terrace was known as "Ward's Fields".	CDHJ 1.30
2002	Lua ar an ainm níor chuala Harry Ball (F70, Moatville/Lisnagree, aoisghr. 70-75) ná Dan Maloney (F341, Deerpark, aoisghr. 85-90).	

Ar na daoine ar ina ndiaidh ab fhéidir na páirceanna seo a bheith ainmnithe d'áireoinn **Christopher Ward** a raibh teach ar léas aige i mbaile na Rátha sa bhliain 1851 (q.v. *Griff.Val.* 89, uimh. 23a) agus a raibh trí cinn de thithe eile (*Ibid.*, uimh. 61, 62, 92) ina sheilbh aige, móide paiste talún (6 acra) (*Ibid.* 89, uimh. 23) agus **William Ward** a bhí ag cur faoi in Bridewell Lane sa timpeallacht chéanna leathchéad bliain ina dhiaidh sin (q.v. *Cen.Cork* 186.13c. comhad 2, billeog B11).

WARD'S FIELDS

(607) Well of the Golden Gate (Knockanare (X41.21; SO 17))
(Féach leis St. Winifred's Well (564) agus Tubber Brawka
(602))

1932 There is a holy well locally known as "The well of the Golden Gate" situated in the S[outh] W[est] corner of Knockanare foxcovert and 352 yards N[orth] W[est] of Cahirmee bridge. From local tradition it appears that a King's son was severely wounded in a battle fought in the vicinity of the well. His wound was miraculously healed when washed in its waters. His father (the King) caused it to be covered with a golden gate as a token of gratitude and veneration for its marvellous powers.

OSFM 241

1937-8 A woman dressed in white and a dog guard the Golden Gate near the entrance to Rath Cottage.

Bail. na S. 367.439

(*per* Peggy O'Sullivan, Windmill, ó Mr. D. O'Sullivan)

1937-8 Another story is told about golden gates which are supposed to be hidden at Knockanaar. Fierce fighting took place here at one time. During the battle the wounded Irish were taken to a nearby well where they were instantly cured. An English general was told of the miracles but he refused to believe in them. His own son was also wounded in the fray. Some of the Irish soldiers took him to the well where he was instantly cured. The father was so delighted at the sudden recovery of his son that he got a pair of golden gates erected near the well. Tradition has it

that these gates were taken down some years later and hidden somewhere in the locality.

Bail. na S. 369.360

(*per* Mr. John Saunders, Barrack Place, Buttevant, aois 65)

2002

/go:ldən 'ge:t/

F81, 245

Tráchtann John O'Connell (F245, Buttevant, aoisghr. 50-55) ar scéal seo na laochra dearg-ghonta a rinne a gcuid cneácha a leigheas go míorúilteach de thoradh a nite as uisce thobar na ngeataí órga dá dtagraítear thuas.

Is don bhráca órga os cionn an tobair a thagraítear leis san ainm **Tubber Brawka** (1906 agus 1944).

Cat.2.3

Min.4

Mapa 17

GOLDEN GATE

(608)

Whelan's Lane (Rathgoggan Middle (X214.1; SO 2))

1851	Whelan's - Lane (9 sealbhóirí)	Griff.Val. 90
1911	Whelan's Lane (22 áitritheoirí)	Cen.Cork 188.13.22.1-4
1911	Whelan's Lane	V.O. Town Plan
1937-8	Whelan's Lane	Bail. na S. 368.286 (seoladh baile Patrick Hynes)
1941-2	Whelan's Lane (9 áitritheoirí invótála)	Reg.Elect. 28,-9
1949-50	Whelan's Lane (8 áitritheoirí invótála)	Reg.Elect. 29
10/7/1949	Whelan's Lane	Sun.Independ. 44.28.11.1
10/7/1949	In Whelan's Lane a woman, whose husband works in a flour store, also has only the one bedroom for themselves and four children. At night, the residents told me [H.E. Cannon], the land is infested with rats.	Sun.Independ. 44.28.11.3
1989	Whelan's Lane	CDHJ 4.8

Ní mór a lua anseo go bhfuil an tagairt dheireanach seo bunaithe ar chuimhní cinn údar an ailt agus eagarthóir na hirise (*CDHJ*), Ted O’Riordan (nach maireann), i dtaobh an ainm a bheith ar liosta stáisiúin an aifrinn agus a bheith á léamh amach ón altóir na blianta roimhe sin.

Lua ar an ainm níor chuala John Boyde (F173, Clybwee/Love Lane, aoisghr. 50-55) ná Ian Doyle (F355, Broad Street, aoisghr. céanna).

Ar na daoine ar ina ndiaidh ab fhéidir an lána a bheith ainmnithe d’áireoinn John Whelan (q.v. *Rel.Cen.* 17) agus Timothy Whelan (*Ibid.*19) a bhí ag cur fúthu i mbaile na Rátha sa bhliain 1776.

Cat.2.4 Min.0 Mapa 19c

WHELAN’S LANE

(609)	Windmill (Rath (X57.27; SO 7))
-------	--------------------------------

Cineál : ceantar, crosbhóthar

1704	Rath has no improvements on it but a windmill which is now out of repair.	Percival Pap. 47043
1748	Rath or Windmill	Percival Pap. 47013
1811	Old Windmill (léirithe), (féach Nóta 8)	Bath Map
19/6/1835	Windmill	Par.Reg. (p.4999) (s.n. Judith Winter)
21/10/1836	Windmill	Par.Reg. (p.4999) (s.n. Mary Walsh)
1840	Windmill Hill The name of a particular hill.	AL (2:29) : Inhab. : Descr.Rem.
1840	Windmill Hill The name of a Trig[onometrica]l Station	AL (2:31): Trig.Dept. : Descr.Rem.

1842	Windmill hill	DL
1844	Windmill Hill	E1
1844	part of Rath or Windmill farm as it is now called.	MSO IV 443
1905	Windmill	E2
1936	Windmill Cross Roads	E3
1988	Windmill Cross	CDHJ 3.87
2000 (1984)	Windmill ... in centre of ringfort.	FSCC IV 15250
2002	Remains of a windmill. The area is named from the circular windmill, which was used for grinding corn.	Hajba Houses 1 363
2003	/ˈwɛɪnmɪl/	F166, 167 (seoladh baile na beirte faisnéiseoirí seo : Windmill, Churchtown)

In ainneoin gur cinnte gurbh é an seanmhuileann amháin a bhí sa treis ar dtús, is léir go ndeachaigh leathnú ar úsáid an ainm de réir a chéile. Féach ina leith seo an tagairt don gcnoc (1840, 1842), don stáisiún triantánachta (1840), don bhfeirm (1844), don gcrosbhóthar (1936, 1988) agus úsáid an ainm mar sheoladh baile sna 1830í agus anois.

Cat.2.3 Min.2 Mapa 18c4

WINDMILL

(610)	Woodview Cottage (Scart (X117.32; SO 1))
-------	---

1840	Woodview Cottage	AL (2:4) : Revd. Robt. Riordan
	In the townland of Skart	: Sit
	The name of a gentleman's house	: Descr.Rem.
1842	-----	DL

1845	Woodview Cottage	E1
1904	Woodview Cottage	E2
1918	Woodview Cottage	Hist.Top.Notes III 215
1924	Woodview Cottage	Guy.Dir. 384
1936	Woodview Cottage	E3

Is maith is cuimhin le Tadhg Connell (F289, Doony, aoisghr. 70-75) agus le Pat Driscoll (F290, Kilbolane, aoisghr. 75-80) suíomh an tseaniostáin (a leagadh tamall de bhlianta ó shin) óna raibh radharc ar choill a bhí suite taobh thiar thuaidh de chrosbhóthar Chill Bhláin (*DL*).

Agus a rá gur paiste talmhaíochta amháin é seo anois nach raibh éinne á áitreabh le fada, ní nach ionadh nach dtagraítear don ainm (don iostán ná don choill) níos mó.

Cat.2.4 Min.0 Mapa 18b2

WOODVIEW COTTAGE

Caibidil a Ceathair

4.1 Ainmneacha Breise (AB, 1 – 55)

Déantar plé achomair inár ndiaidh ar eilimint nó ar eilimintí 55 ainm (den 320 ainm breise nár mhair a fhaid le 1930 a luaitear faoi nóta 78 – ainmneacha áirithe ó dhoiciméid na Suirbhéireachta Ordanáis as an áireamh anseo) chun eilimint nó eilimintí ainmneacha i gcaibidil a dó (1 – 226) agus i gcaibidil a trí (227 – 610) a shoiléiriú agus a neartú.

(1) Abby Land (Ballybeg Middle (X41.6; SO 17))

1660c.	Abby Land (24A.; 1R.; 8P.)	BSD 119
1737	Abbey Close	CGn. 87.131.60916
1744	Abbey Close	CGn. 117.471.81481
1826	the Abbey Close	CGn. 810.165.546100
1851	Abbeyclose	CGn. 19.153.508
1874	Abbeyclose (tithes)	CGn. 17.244.495
1886	Abbey Close	CGn. 2.46.35

Clós de chuid mhainistir Bhaile Beag (féach White, *Ir.Mon.Poss.* 146,-7 (anno 1540-1); *Fiant* 4262 (anno 1583); *CPR* 104-b (anno 1607) *CPR* 4-a (anno 1610); *Inq.* VI 33 (anno 1638); *Smith, Cork* I 323 (anno 1750); Archdall, *Mon.Hib.* 56 (anno 1784); Gwynn, Hadcock, *MRH* (1970), 159; Shine, *MFCJ* 11 (1993), 84-112; Shine, *MFCJ* 12 (1994), 89-114) nach léir a shuíomh go beacht is ceart a thuiscint le Abbey Close ar leis a luaitear seanchlóis eile de chuid na mainistreach sna gníomhais thuasluaite, mar atá, *Horse Close* (AB 26), *St. Thomas's Closes* (AB 51) agus *Water Close* (AB 55).

ABBY LAND

(2) Acre-and-half (p.Shandrum (X228.1 – 34; SO 2, 7))

1617 a field called the Acre-and-half in Shandrom parish CPR 270-a

ACRE AND HALF

(3) Ard Lambert (Buttevant (X41.1; SO 17))

1660c.	Ard Lambert	BSD 119 (s.n. John Lambert)
1723	Ard Lambert	CGn. 42.13.25453
1730	Ard Lumbard	CGn. 62.535.44026
1732	Ard Lambert (containing 34A., 3R)	CGn. 69.291.48360
1732	Ard Lumbard	CGn. 70.284.48366

Le Castle Lumbard (456, atá suite i gcomharsanacht dhíreach Chill na Mallach), le *Lumbert's Mill* (AB 34, nach maireann) agus le *Lumbard's Orchard* (AB 33, nach maireann) atá *Ard Lambert* luaite sna foinsí réamhluaite.

I gcomhair malairt leaganacha fhoircinn an tsloinne *-ert* agus *-ard* thuas, féach *Lumbard* < *Lambert*, *O.Fr.* (féach Reaney, *Brit.Surn.* 203) agus *Lumbard varie Lambert* (*Ibid.* 193).

ARD LOMBAIRD; high place of Lombard.

(4) Ballynalta (Moyge (X182.7; SO 7))

1659	Ballynalta	Cen.241
1660c.	Killbreedy and Ballynalta, p[ar]t of Moige	BSD 121
1702	Ballinaltig	Percival Map

Is i gcóngar cúig mhíle slí laistear de bhf. Moyge atá Ballinaltig (X19.1; SO 24) suite.

Mapa 18c4

BAILE AN FHÁLTAIGH; Wall's town

(5) Barrys Division (X25.6; SO 2)

1833	Barrys Division	CGn. 6.160.124
1834	that part of the lands of Kilitoig called Ilards and Barrys quarter containing by a survey thereof fifty six acres three roods and thirty eight perches.	CGn. 6.229.129

I gcomhair solaoídí de dhaoine dar sloinne Barry a bhí ag cur fúthu i ngiorracht dhá mhíle slí laistear de Kilitoohig (i dtimpeallacht Bhaile an Teampaill) tamall de bhlianta roimhe sin, féach Edmond Barry (*Rel. Cen.* 45, anno 1766), the widow Barry (*Ibid.* 47) agus Thomas Barry (*Ibid.*).

BARRY'S DIVISION

(6) Bayly Plot (Rathgoggan Middle (X214.1; SO 2))

1872	Bayly Plot and Field	CGn. 22.234.618
1874	Bayley's Plot, ... The Turretts (604)	CGn. 4.188.104

Is i gcomharsanacht na Rátha atá The Turretts suite agus is i bhfoisceacht beagán mílte siar ó dheas ón Ráth atá Cooliney.

Tugtar aird leis ar na sonraí seo a leanas :

- (i) Mrs. Mary **Baily** a bhí i seilbh ochtó éigin acra i mbailte fearainn teorantacha Ardmore (X228.4; SO 2) agus Garrynagranoge (X228.12; SO 2, 7) sa bhliain 1830 (q.v. *TAB*);
- (ii) Thomas **Bailey** a bhí i seilbh phaiste talún (180A., 0R., 30P.) móide roinnt fhoirgintí eile i mbf. Ardmore sa bhliain 1851 (q.v. *Griff.Val.* 85, uimh. 1, 2a – 2e) agus
- (iii) John **Baily** a bhí i seilbh *Baily Ville* (38A., 2R., 0P., q.v. *TAB*) taobh thiar theas de Ardmore sa bhliain 1830.

BAYLY PLOT

(7)	Clonelowra (Farthingville East (X228.20; SO 7) nó Farthingville West (X228.21; SO 1, 6, 7))
-----	--

1587	Clonelowra	Fiant5066
1751	Clonlora	CGn. 147.306.100136
1833	Cloonloor [in “the Cooleline orse Farthingville Estate”]	CGn. 2.220.39

Cás eisceachtúil go maith i logainmneacha an chontae trí chéile is ea an tagairt seo do ghalar na lobhra féin sa mhéid is gur do na lobhair (nó do lucht fulaingthe na lobhra) is gnáthaí a thagraítear :

- (i) **Gortnalour** (*bar.* Carbery West; p.Clear Island; SO 153) < *Gort na Lobhar*;
- (ii) **Gortnalour** (*bar.* Muskerry West; p.Inchigeelagh; SO 81,-2) < *Gort na Lobhar*;
- (iii) **Knockaunalour** (*bar.* Barrymore; p.Ardnageehy; SO 43) < *Cnocán na Lobhar*, agus
- (iv) **Tooreenalour** (*bar.* Muskerry West; p.Inchigeelagh; SO 81, 93) < *Tuairín na Lobhar*.

CLUAIN LOBHRA; meadow of (the) leprosy, sickness or 'dermatitis' (q.v. *Bolster-Cork* (1972), 301-2).

(8) Cnokan Lepotes (manerium de Kylmaclenyn (X148.1; SO 24))

1340c.	<i>Cnokan Glassenet quae dicitur</i> Cnokan Lepotes.	PRC III 40
1340c.	Cnokan Lepotes	PRC III 40
1996	(?) Knockaunavaddreen [X148.2; SO 24]	PRC III215.184

Leagan ciorraithe den sloinne **Philpot** é **Pot(t)(s)**, 'an aphetic form of Philpot, little Philip', féach Reaney, *Brit.Surn.*257) agus malairt litrithe stairiúil den ainm céanna is ea **Potes/Pottes** (*Ibid.*) a dtagtar air thuas, *le + Potes*.

CNOCÁN LEPOTES

(9) Coolacoura (Ballynoran (X10.4; SO 7) nó Coolcaum (X10.7; SO 7))

1811 Coolacoura Bath Map

Feiniméan neamhchomónta go maith i logainmneacha na tíre trí chéile is ea *cúla*, ainmneach iolra *cúil*, ní hionann agus na háitainmneacha iomadúla dar céad mhír *cúil* (q.v. *Top.Index* 220-231).

Ar na solaoídí neamhchoitianta den ainmneach iolra, *cúla*, i logainmneacha na barúntachta seo ((i), (ii)) agus i mbarúntacht theorantach Chonallach Uachtaracha i gcontae Luimnigh ((iii)), d'áireoinn (i) **Coolaforra / Cúla Fuara**

atá suite leis ar *SO* 7, (ii) **Cooles** < *Coola* < *Cúla* (X228.2; *SO* 6) agus (iii) **Coolaboy** / *Cúla Buí* (féach Ó Maolfabhail, *Log. na hÉir.* I 151).

Mapa 18c5

CÚLA CUMHRA; fragrant spots (tracts of land).

(10)	Croghtacunany (Creggane (X41.13; <i>SO</i> 16, 17); Lackaroe (X41.23; <i>SO</i> 17))
------	--

1718

Croghtacunany

CGn. 23.74.12680

I gcomharsanacht dhíreach Chill na Mallach a bhí an crochta seo suite, ní foláir, ós le bf. Creggane agus le bf. Lackaroe (ar dhá bhf. theorantacha i gcóngar an bhaile iad féin) a luaitear Croghtacunany thuas.

Tharlódh ar an bhfianaise thraslitríthe amháin gur *Crochta an Chonanaigh*, ‘croft of the person surnamed **Conning**’ (< *Coney*, *Conig*, ‘rabbit’, féach Reaney, *Brit.Surn.* 75) ba bhonn leis an ainm ach sampla den sloinne ar an talamh, pé acu sa cheantar staidéir nó i dtuaisceart chontae Chorcaí trí chéile, ní bhfuarthas.

Sloinne comhghaolmhar sa Ghaeilge is ea **Ó Coinín** > Rabbit, ‘a rare surname found chiefly in the midlands’ (Woulfe, *SGG* 471).

CROCHTA AN CHONANAIGH; Conning’s croft.

(11)	Croughane (Rathgoggan North (X214.2; <i>SO</i> 2,3))
------	---

1587

Croughane

Fiant5066

Is áirithe gur sa chuid thuaisceartach de bhf. Rathgoggan North a bhí Croughane suite agus na sonraí treo seo a leanas ar Graigues, ‘Nagragra ... bounded on the west by the lands of Broughill’ (> Broghill North/South (X25.1, 2; SO 2), ‘north by Croughane and south by Garrinegrenagh’ (> Garrynagranoge (X214.12; SO 2, 7).

Tuairim is sé mhíle slí siar ó dheas ó cheantar na Rátha atá bf. Walshestown suite.

CRUACHÁN (q.v. *DIL*, s.v. crúachán); a small rick or hill.

(12)	Cuffe’s fort (Broghill North (X25.1; SO 2))
------	--

1593	Cuffe’s fort <i>orse</i>	
	Castle-Nikillye	CPR 286-a

In ainneoin gur foirm Bhéarlaithe é **Cuffe** de shloinne áirithe, mar atá, **Mac Dhuibh** (féach Mac Lysaght, *Ir.Surn.* 57 *MIF* 251), **Ó Doirnín** (*Ibid.*) agus **Ó Cobhthaigh** (Mac Lysaght, *MIF* 251) i gcodanna áirithe den tír, is cinnte gur sloinne Sasanach (Cottle, *Dict.Surn.* 106; *MIF* 251) atá sa treis anseo : ‘Hugh Cuffe, one of the undertakers of 1589 obtained 12,000 acres of the Desmond lands at 1d. per acre’ (féach *MIF* 251).

Féach leis **Cuffe’s Wood** (*AB* 13) a leanann.

CUFFE’S FORT

(13)	Cuffe’s Wood (Kilmore (X117.17; SO 1, 2))
------	--

1587	Grant to Hugh Cuffe esq. ...	
	Cuffs wood	Fiant5066

- 1593 Hugh Cuffe of Cuffe's – Wood orse
Kilmore (< Coill Mhór, “expansive
wood”) CPR 286-a
- 1789 “This noble family [Cuffe, Viscount Desart] derives its origin
from the counties of Somerset and Northampton, and had its first
settlement in Ireland, in the reign of Q[ueen] Elizabeth, when
Hugh Cuffe Esq. for his services to the crown, had a grant of
6,000 acres of land in the county of Cork, by patent, dated 28
November 1598, where he became seated at Cuffe's –Wood
otherwise Kilmore”.

Lodge Peerage VI 55

12,000 acra, áfach, a deirtear a fuair sé de réir *Fiant* 5066 agus Mac Lysaght,
MIF 251.

CUFFE'S WOOD

(14)	Dirriniveagh ((?) Ballyclogh (X19; SO 24) nó (?) Lisleagh (X19.10; SO 24))
------	---

- | | | |
|----------|---|------------------|
| 1618 | Dirriniveagh (and Lisleigh) | CPR 364-a |
| 1618 | Dirriniveagh (and Lisleigh) | Lodge Mss. IV 28 |
| 1640 | Derryneveagh | Inq. VI 174 |
| 2/3/1769 | Dernaveagh (containing 107 acres) | CEP XIV 18.4.3 |
| 1856 | Derrynaveigh | CGn. 12.298.399 |
| 1871 | Derrynaveagh | CGn. 20.74.554 |
| 1876 | Derrynaveagh | CGn. 53.191.1523 |
| 1890 | Derrynaveoagh | CGn. 16.65.498 |
| 1899 | Derrynaveagh | CGn. 83.15.2429 |
| 1900 | Derrynaveagh | CGn. 52.258.1496 |
| 1915 | Derrynaveagh | CGn. 29.29 |
| 2001 | In ainneoin gur cosúil gur mhair an t-ainm isteach sa bhfichiú haois trácht air níor chuala Tim Fitzgerald (F33, Blossomfort, aoisghr. 75-80) ná Tim Cronin (F305, Scart, 85-90). | |

Tharlódh gur sean-fhoroinn de chuid bhf. Lisleagh (an t-ainm atá á thionlacan seo sna foinsí luatha thuas) é Dirriniveagh agus nach leagan Gaeilge ar *Old*

Deer Park (504) i mbf. teorantach Ballyclogh é ós fianaise Bhéarla amháin atá ar an ainm eile seo, 1717 – 1844.

DOIRE NA _{BH}FIA (<_{BH}FIADH); oakwood of the deer.

(15)	Farrangrove (Farrancotter (X41.17; SO 16, 24))
-------------	---

1862	Farrancotter <i>orse</i>	
	Farrangrove	CGn. 21.235.540

Sean-fhoroinn de chuid bhf. Farrancotter é Farrangrove atá le hidirdhealú ó *Harrisgrove* [407] *orse Farrincottir*, CGn. 214.571.142326 (anno 1762), foroinn eile a mhaireann i gcónaí agus ó Parkeffarren (AB 46), sean-fhoroinn eile fós nár chualathas trácht uirthi ach oiread le *Farrangrove*.

FEARANN (GROVE); land or territory.

(16)	Farran-Ibeggy (p.Buttevant (X41.1-33; SO 16, 17))
-------------	--

1637	Farran-Ibeggy	Lodge Mss. V 473
1637-8	Farrenibeggy	Egm.Mss. 1.1.100
1660c.	FarrenIbegg	BSD 128
1666	Farran-Ibeggy (120A.)	ASE 93-a

Is é is dóichí gur i gcomharsanacht dhíreach Chill na Mallach a bhí an paiste talún seo (120 acra) suite ós amhlaidh atá Rathclare (X41.28; SO 16, 17) agus *Ballynevulpeck* (> Velvetstown (X41.32; SO 17), ar leis atá Rathclare teorantach ó dheas) á choimhdeacht thuas.

Ní fios cé acu an é an sloinne **Beg** “an epithetic surname formed from the adjective beag (small)” (féach MacLysaght, *Ir.Surn.*25) nó an é an tuairim a nochtann Kenneth Nicholls i dtaobh bhunús an tsloinne chéanna, ‘the surname Beg, which appears in Ireland in the years following the invasion [1169-], must represent the French *bégué* (stutterer) rather than the Irish *beag*’ (q.v. *Dinnseanchas* 4 (1970), 36, fonóta 3)) nó an leagan Gaelaithe den sloinne gallda **Beggs** (q.v. Woulfe, *SGG* 57; Reaney *Brit.Surn.* 32, sa chéill ‘large, strong, stout’) ba cheart a léamh le cuid –*Ibeggy* den ainm, dála **Begg(e)**’s land, sean-fhoroinn de chuid bhf. Killagrohan (p.Mallow; *SO* 24, 32, 33) i mbarúntacht teorantach Mhainistir Fhear Maí :

1611	Kylleyneogrowhan als Begges land	Inq. I 238
1612	Killeyneogrowghan <i>orse</i> Begg’s land within the said manor [of Mallow], containing a house and 405 a[cres] late in the tenure of Morrice Gerald <i>orse</i> Morrice Begg.	CPR 241-a

FEARANN AN BHEIGIGH; Begg’s land.

(17)	Farrenymulkaness (Lackeen (X179.1; SO 7, 16))
------	--

1639	Farrenymulkaness	Inq. VII 119
------	------------------	--------------

Is léir ar chomhthéacs áite na tagartha seo gur i gcóngar Moyge (bf. i seanmhainéar Lios Cearúill ar leis atá sé luaite thuas) nó go sonrach i mbf. Lackeen (ar leis atá Moyge teorantach) a bhí seanfhearann na muintire seo suite:

1341 *Laurentius Omolkannys ... Omolykannysh tenet tertiam partem dicti tenementi [Lakyn].*

PRC III 40

1364 *Johannes Omolykannysh ... tenere de domino [Episcopus Clone] in Lakyn i. manerium cum ii. carucatis terrae ...*

PRC III 32

I gcomhair solaoide den ainm céanna seo i logainm i mbarúntacht theorantach Mhainistir Fhear Maí (p.Carrigleamleary; bf. Cooldurragha; SO 25, cf. Ó Dálaigh, *Log.Dhá Bhar.* (1995), 221,-2, féach :

1612	Lismoelcannys	Inq. I 247
1612	Lysmelcanes	Inq. I 248
1694	Lismealcannis	Inq. VII 162
1796	Lismealcannis	CGn. 514.119.335623
1840	Lisvoilcannish	AL : Mr. Roche
	lios mhaoilchainnigh (<i>sic</i>)	: OD
1845	Lisvoilcannish	SO 25

FEARANN UÍ MHAOLCHAINNIS; O' Molkanny's land.

(18)	Fern Macbaghly (manerium de Kylmaclenyn (X148.1; SO 24))
------	---

1340c. *i. ... quarentena vocatur
fern Macbaghly, continens lx. acras.* PRC III 38

Ar na sealbhóirí talún darbh ainm athartha **Mac Bachlaigh** a bhí ag cur fúthu i gceantar Chill Mhic Léinín roimh agus i ndiaidh an dáta seo d'áireoinn :

1299 *Philippo Macbalagh ... iiii (xx.) acras
terrae arabilis in tenemento de
Kylmaclenyn.* PRC III 116

1299	<i>David Macbalagh ... in tenemento de Kylmaclenyn.</i>	PRC III 118 (Johann[us] Baghles, finn�)
1314	<i>in Kylmaclenyn ... David Macbauly ...quarter viginti acras terrae ...</i>	PRC III 42
1364,-5	<i>Kylmaclenyn ... v.acris et l.stanga de Marebalach (sic)</i>	PRC III 46
1365c.	<i>in manerio de Kylmaclenyn ... cum illa carucata terrae, quae David Macbathlach tenuit.</i>	PRC III 34

F each leis **Ballybahallagh** < *B al  tha Bachlach*, ‘fordmouth of the labourers, shepherds’ (  D alaigh, *C n Chille C ile* 286) i mbar ntacht theorantach Dh iche Ealla agus **Cahervally** < *Cathair an Bhachlaigh*, ‘the stone fort of the shepherd’ (  Maolfabhail, *Log. na h ir.* I 86) i gcontae Luimnigh.

FEARANN MHAC BACHLAIGH; land of the sons of Bachlach (of the sons of (the) labourer (?), *DIL*, s.v. *bachlach*, (a)).

(19)	Forty Acres (Rathgoggan North (X214.2; SO 2))
-------------	--

1738	Forty Acres near Charleville	CGn. 95.32.65599
1766	part of Deerpark known by the name of forty acres in the tenure and occupation of John Anster Martin.	CGn. 253.156.162584
1767	lands of Deerpark called or known by the name of forty acres.	CGn. 260.35.166384

I gcomhair a athraith  at  l on acra  paist  tal n darb ainm Forty Acres in  irinn agus i Sasana tr  ch ile, f each *Top.Index* 455 (: 51 acra, 60, 83, 161, 72, 185, 77, 109, 66, 65, 45, 72) agus Field, *Dict.Eng.F.N.* 81 (: 18P.; < 1.5A.; 25A.; 1A., 21P.).

FORTY ACRES

(20)

Garrien-Pigoddy (Buttevant (X41.1; SO 17))

1638	A Tenement in Buttevant ... a Garden ... called Garrien-Pigoddy	Lodge Mss. V 471
1637-8	Garryenpigody	Egm.Mss. 1.1.95

B'fhéidir brí na míreanna traslitríthe den ainm a rianadh siar mar seo a leanas : *Garraí + an + Phiogóideach*, 'garden of the person surnamed Pigot, Pickett' (féach Woulfe, *SGG* 659; Reaney, *Brit.Surn.* 251) ar lonnigh mórán den mhuintir chéanna i gcontae Chorcaí agus i gcontae Luimnigh i gcaitheamh na seachtú haoise déag (féach MacLysaght, *SIF* 124) agus is i bhfoisceacht beagán mílte slí ó líne idirdhealaithe an dá chontae seo atá Cill na Mallach suite. I gcomhair samplaí den sloinne níos cóngaraí do bhaile anseo, féach **William Pigott**, Ballyhay (*Rel.Cen.* 22, anno 1766) agus **John Pigott** (*Ibid.* 23).

Muintir Becket, is cosúil, a bhí i muintir seo Pickett i gcontae Chorcaí tráth, 'the County Cork Pigots were originally Becketts' (féach MacLysaght, *Surn.Ir.* 281). Féach ina leith seo leis MacCotter, Nicholls, *PRC* II 247, áit a dtagraítear do chlaochló seo an tsloinne i measc na muintire a bhí lonnaithe i dtimpeallacht Chill Dairbhre i mbarúntacht chomharsanach Mhainistir Fhear Maí.

GARRAI AN PHIOGÓIDIGH; Pigott's garden.

(21)

Garriniblakig (Ballyhay (X25; SO 3, 7, 8); Castleharrison (X25.3; SO 7, 8))

1608	the bank of Garriniblakig (<i>leg.</i> - <i>inblakig</i>)	CPR 127-a
1608	Garrymbalakig (<i>leg.</i> - <i>inblakig</i>)	Inq. I 136

GARRAÍ AN BHLÁCAIGH; Blake's garden.

(22)	Glassinetoren (Cloonmore (X228.12; SO 2); Coolasmuttane (X228.14); SO 2))
-------------	--

1591	Cloonmore (1.25 carucate), bounded by Glassinetoren ... on the north	Fiant5535
------	--	-----------

1591	Cowlesmuttane (1.5 carucate), bounded by ... Glassinetoren ... on the north	Fiant5535
------	---	-----------

Ní foláir nó is glaise de chuid shruthán Áth na Saileach atá sa treis anseo ón uair (i) gurb í is teora thuaidh don dá bhf. réamhluaite agus (ii) gur cuid den líne dhealaithe idir contae Chorcaí agus contae Luimnigh an teora chéanna.

GLAISÍN NA TEORANN; streamlet of the (county) boundary.

(23)	Gortinmeris (Ballyhane Upper (X117.6; SO 1) nó Scart (X117.32; SO 1))
-------------	--

1591	Kilbullan ... Kilmoore and Gortinmeris on the north	Fiant5535
------	---	-----------

1614	Kilbolane ... bounded on the N[orth] by Gortinimeris, on the south by the town and lands of Dilligibegg	CPR 270-a
------	--	-----------

Is é is dóichí de réir chomhthéacs áite na dtagairtí thuasluaite gur i mbf. Ballyhane Upper nó i mbf. Scart nó go deimhin i gcuid den dá bhf. a bhí ábhar an imris dá dtagraítear san ainm tráth.

GORT AN IMRIS; field of the contention or controversy.

(24)	Gortnenackry (Ballyhay (X25; SO 3, 7, 8); Castleharrison (X25.3; SO 7, 8))
-------------	---

1608	Gortnenackry	CPR 127-a
1608	Gortnenackry	Inq. I 136

Is i gcóngar Bhealach Átha ar bhruach na hAbhann Bige a bhí an áit seo suite.

GORT NA _NACRAÍ; field of the acres.

(25)	Gowers land (manerium de Kylmaclenyn (X148.1; SO 24))
-------------	--

1340c.	<i>Super Mukelway juxta Gowers land</i>	PRC III 40
--------	---	------------

I gcomhair solaoide d'áititheoir dar sloinne Gower (féach Reaney, *Brit.Surn.* 143) i seanmhainéar seo Chill Mhic Léinín timpeall an ama chéanna seo, féach *Johannes Gower tenet juxta, unam placeam* (Mac Cotter, Nicholls, *PRC* III 44) sa bhliain 1364,-5.

GOWER'S LAND

(26)	Horse Close, The (Ballybeg Middle (X41.6; SO 17))
-------------	--

1737	that field commonly called the Horse Close	CGn. 87.131.60916
1744	the Horse Close	CGn. 117.471.81481
1772	The Horse Close	CGn. 297.540.196117
1826	Horse Close	CGn. 810.165.546100
1851	The Horse Close (the field commonly called-)	CGn. 19.153.508
1871	Horse Close	CGn. 12.87.324
1909	Horse Close	CGn. 1.251.28

Seanchlós de chuid mhainistir Bhaile Beag (cf. *Abby Land*, *AB 1*) a bhí sa treis anseo.

Ní foláir nó is i gclós seo na n-each a bhí an bheirt eachaithe dá dtagraítear thíos ag saothrú leo i dtosach na seachtú haoise déag, ‘Rent for Ballibeg abbey and its estate, 81', 10^s, 0^d Ir[ish] to maintain two able horsemen thereon’ (q.v. *CPR 241-a*, anno 1612).

THE HORSE CLOSE

(27)	Kilbride (Moyge (X182.7; SO 7))	
1300c.	Kilbride	PRC III 200.142
1587	Kylbryde	Fiant5066
1612	Kilvridy	CPR 221-a
1642	Kilbridy	Dep. IV 70
1642	Kilbride	Dep. IV 132
1655	Killbree	DS
1659	Killbreedy	Cen. 241
1660c.	Killbreedy and Ballynalta [<i>AB 4</i>] part of Moige.	BSD 121
1667	Kilbrey alias	
	Killrey	ASE 102-a
1667	Killbreedy	ASE 122-a
1686	Killbreedy alias	
	Kilbrey alias	
	Kilbree	CG 42-a

Is léir ar fhianaise chartagrafach *DS* gur sa chuid thuaisceartach den bhf. a bhí seanchill seo Bhríde suite, áit atá tuairim is ceithre mhíle slí siar ó thuaidh ó Mountbridget < *Cnoc Cille Bhríde*.

Mapa 18c4

CILL BHRÍDE; church of (dedicated to St.) Bridget.

(28) Killnecallie (Dromdowney Lower (X89.2; SO 24))

1637-8	Killnecallie	Egm.Mss. 1.1.95
1771	That part of Drumdown [<i>sic</i>] called Killeenakalee (containing 91A., 8P. plant[ation] measure.)	CGn. 292.15.189037
2000 (1987)	Burial ground ... just N[orth] of Sunday's Well. According to local information, site of burial ground and church.	FSCC IV 14091
2000 (1987)	Possible church	FSCC IV 14475
2003	/di : o:l'tʃap ə l/ n	F307, 308

CILLÍN NA CAILLÍ; little church (burial ground) of the nun.

(29) Kylcolman (Ballysallagh (X214.8; SO 3) nó Knockardamrum (X25.7; SO 2, 3, 7))

1587	Kylcolman (Ballysillagh)	Fiant5506
1591	Killcolman	Fiant5535
1655	Killcoleman	DS
1660c.	Killcolman and Knockandamora	BSD 117
1667	Killcohnán (and Knockordemora)	ASE 74-a
1667	Killcolmane (Knockordemora alias)	ASE 74-a
1685	Kilcolman (& Knockordemora)	CG 41-a

Trasna na teorann ó bhf. Ballysallagh i gcontae Luimnigh atá Colmanswell (< Cluain Creamha, féach Ó Maolfabhail, *Log. na hÉir.* I 117, SO 46, 47, bf.

Gortroe, *Ibid.* 196) suite agus tamall de mhílte siar ó dheas ó Ballysallagh agus ó bhf. Knockardandrum atá bf. Kilmaclenine (X148.1; SO 16) < *Cill Mhic Léinín*, ‘St. Colman the patron of the See of Cloyne was called by the patronymic name of Mac Leinin’ (*ALPB* (163) : *OD*, 1840).

Mapa 18b5

CILL CHOLMÁIN; church of (dedicated to St.) Colman.

(30)	Kylmarauch (manerium de Kylmaclenyn (X148.1; SO 24))
------	--

1340c. *Mora de Kylyn et Kylmarauch, continens in se xviii. acras.*

PRC III 40

Ní léir cé acu an *cill* nó *coill* is bonn le céad mhír an ainm agus doiléire shuíomh na háite laistigh de sheanbhurgáiste meánaoiseach Chill Mhic Léinín.

Tharlódh gur leagan ciorraithe de *Kylnemarauch* < *Cill/Coill na mBarrach*, ‘church or wood of the Barrys’ é Kylmarauch (le báthadh, b’fhéidir, ar an alt faoi anáil an phríomhaicinn ar *-auch*) agus comóntacht an tsloinne sa cheantar :

- (i) Robertus Barry de Kilmaclenyn, buirgéiseach (féach MacCotter, Nicholls, *PRC* III 40, anno 1340);
- (ii) Nicholas fitz David Barry agus (iii) Willielmus fitz Gerald Barry, buirgéisigh chomhaimsireacha le (i) (*Ibid.*);
- (iv) David Barry ... Kylmaclenyn (*Ibid.* 28, anno 1364);
- (v) Johannes Barry, buirgéiseach, Kylmaclenyn (*Ibid.* 44, -6; anno 1364-5);
- (vi) Johannes filius Roberti Barry (*Ibid.* 44); (vii) Johannes filius Philippi de Barry (*Ibid.*), (viii) Adam filius Laurentii Barry (*Ibid.*) (ix) David Myne Barry (*Ibid.* 45), (x) Philip Barry (*Ibid.*) agus

- (xi) Thomas **Barry** (*Ibid.*) buirgéisigh chomhaimsireacha le
 (v) thuas iad (vi) – (xi).

CILL/COILL (?) NA _MBARRACH, (?) church or wood of (?) the Barrys.

(31)	Kylvallinvalleishe (Ballyhay (X25; SO 3, 7, 8) nó Castleharrison (X25.3; SO 7, 8))
-------------	---

1584	Kylvallinvalleishe	Desm.Surv. 123, f88
1587	Kylbally Valleishig	Fiant5066
1608	Kilevallynvalleishig	CPR 127-a
1608	Kilevallynvalleishig	Inq. II 136
2000 (1986)	(?) Church (bf. Ballyhay)	FSCC IV 14393

Léiriú ar *-an Bhailisigh*, ón sloinne *de Bhailis varie* le Waleys, Wallace agus Walsh ... i.e. ‘the Welshman’, the Norman equivalent of the Irish *Breathnach*’ (féach Woulfe, *SGG* 243) is bunús le cuid *-nvalleishig* den ainm.

Is i bhfoisceacht trí mhíle slí siar ó dheas ó cheantar seo Bhealach Átha atá Walshestown/*Baile an Bhailisigh* suite.

Ní léir cé acu *cill* nó *coill* is bonn le céad eilimint an ainm :

CILL/COILL AN BHAILISIGH; church or wood of the person surnamed de Waleys/Walsh.

(32)	Lisnesaska (Rathgoggan Middle (X214.1; SO 2))
-------------	--

1750	Lisnesaska	CGn. 146.275.97582
1785	Lisnasaska (Ballincolly (246 and-))	CGn. 365.543.246529

1802	Lisnasaska	CGn. 551.469.364125
1820	Lisnasaska	CGn. 755.197.153132
1832	Lisnasaska (Deer Park (355), Belfort, (260))	CGn. 885.129.586129
1848	lands of Lisnasoskea (containing 30A. statute measure, mearing and bounding as follows, on the north with the Deerpark of Charleville on the south with the highroad leading from Charleville to Kilmallock on the west with the Old Orchard formerly held by Richard Summers.	CGn. 4.72.65
1866	Lissnassaskea	CGn. 18.181.472
1874	Lissnysaska	CGn. 22.271.644
1904	Lissynsaska; Lisaniskea	CGn. 3.237.97

LIOS NA SEASCA (q.v. *Ó Dónaill*, s.v. *seasca*² = *seisce*¹, dála

Monteenashaska, *AB* 36); fort of the sterile or milkless cow.

(33)	Lumbard's orchard (Buttevant (X41.1; SO 17))
-------------	---

1666	Lumbard's orchard (1A.)	ASE 66-a
1723	Lumbards Orchard (containing 1A.)	CGn. 42.13.25453
1730	Lumbards Orchard	CGn. 62.532.44026
1732	Lumbard's orchard (containing 1A.)	CGn. 69.291.48360
1732	Lumbards Orchard	CGn. 69.293.48367
1732	Lumbards Orchard	CGn. 70.285.48366

I gcomhair suíomh ceaptha an úlloird, féach **Ard Lambert** (*AB* 3) thuas.

LOMBARD'S ORCHARD

(34) Lumberts mill (Buttevant (X41.1; SO 17))

1667	Lumberts mill in Buttevant	ASE 166-b
1723	The Two parts of Lumbards Mill	CGn. 42.13.25453
1730	Lumbards Mill	CGn. 62.532.44026
1732	Lumbards Mill	CGn. 69.291.48360
1732	Lumbards Mill	CGn. 69.293.48367
1732	Lumbards Mill	CGn. 70.284.48366

Féach leis **Ard Lambert** (*AB* 3) thuas. Is áirithe go bhfuil an muileann céanna le hidirdhealú ón muileann arbhair laistear de bhaile Chill na Mallach ar bhruach thiar na hAbhann Bige, ós timpeall na bliana 1810 a tógadh an foirgneamh eile seo (q.v. *Lewis* I 235).

LUMBERT'S MILL

(35) Malekyneston (p.Aglisdrinagh (X10.1-12; SO 2, 7))

1300c.	Malekyneston	PRC III 200.142
--------	--------------	-----------------

Foirm dhíspeagtha de **Mall** ar malairt leagain den ainm pearsanta **Mary** é féin (féach *Reaney, Brit.Surn.* 212) is bonn le cuid an tsloinne, **Malekyn** > **Malkin**, den ainm.

Ón uair go bhfuil *Coulcam* (> *Coolcaum* (X10.7; SO 7)) agus *Raneston* (*recte Raueston* > *Ballyroe* (X10.5; SO 7)) á thionlacan seo thuas, is é is dóichí gur sa pharóiste céanna seo (p.Aglisdrinagh) leis a bhí an mhuintir seo lonnaithe.

MALEKYNESTON

(36) Moneteenashaska (Annagh Bogs, Annagh North, -South (X57.2-4; SO 7))

1736	Moneteenashaska ('Part of the Lands of Annagh')	Percival Pap. 47002, 307, 308
1737	Moneteenashaska ('Rentroll of the Earl of Egmont's Estate')	Percival Pap. 47003.235

Ní léir anois cé acu cuid den eanach ollmhór seo (978 acra, a bhí tugtha chun treafa beagán faoin mbliain 1750, 'reclaimed from a deep and dangerous morass', *Smith, Cork I* 315) ar bhain *Móintín na Seasca* léi, ar chodanna eile den eanach céanna iad *Bruytoyng* (285) < *Brú Thoinne*, 'borderland of the marsh', *Toinn* (593) 'a marsh' agus *Tinbriggidane* (*AB* 53) < (?) *Toinn Bhriogadán*, 'marsh of the short stumps'.

MÓINTÍN NA SEASCA (q.v. *Ó Dónaill*, s.v. *seasca*² = *seisce*¹, dála *Lisnesaska*, *AB* 32); little bog(land) of the sterile or milkless cow.

(37)	Monevara (bar. Orrery and Kilmore (X10.1 – X228.34))	
------	---	--

1740	Monevara	Percival Pap. 47005. [19]
1740	Monevara	Percival Pap. 47005. [23]
1740	Monevara	Percival Pap. 47005. [25]
13/5/1740	Monevara	Percival Pap. 47005. [32]

Ní léir suíomh an phortaigh dá dtagraítear san ainm agus comhthéacs áite fionscaoilte neamhshainiúil na dtagairtí réamhluaite.

Tharlódh go mba leagan Béarla de *Móin an Bharraigh*/Monevara é Mount Barry (*AB* 38) thíos, ach níorbh fhéidir seo a chinntiú anois agus nádúr scaoilte chomhthéacs áite na dtagairtí céanna thuas.

Tagtar ar leithéid an chlaochlaithe seo leis (*Móin > Mount*), más fíor, i gcás (i) **Mountrussel** < Monrishelle, *CGn.* 295.339.196507 (anno 1773) < *Móin Ruiséil*, ‘Russell’s bogland’ i mbarúntacht theorantach Mhainistir Fhear Maí agus (ii) **Mountcotton** (*bar.* Imokilly) < *Móin Choiteann*, ‘bogland in commonage’ in oirdheisceart an chontae.

MÓIN AN BHARRAIGH; (de) Barry’s bogland.

(38)	Mount Barry (Currymount (X36.3; SO 16))
-------------	--

1830	lands of Corroughnelahassery [> Currymount] <i>orse</i> called Mount Barry		CGn. 864.342.575842 (s.n.n. Barry to O Leary)
1830	lands of Corroughnelahassery <i>orse</i> called Mount Barry.		CGn. 866.101.576601
1842	lands of Currymount or Mount Barry or Quarry Mount. [<i>AB</i> 48]		CGn. 16.204.539
1844	lands of Currymount or Mount Barry.		CGn. 12.233.363

Bailte fearainn teorantacha is ea **Currymount** agus **Dunbarry** sa pharóiste céanna.

MOUNTBARRY

(39)	Mount Mary (Currymount (X36.3; SO 16))
-------------	---

1843	town and lands of Corroughnelahassery [> Currymount] <i>orse</i> called Mount Mary.		CGn. 19.24.542
------	---	--	----------------

Féach leis **Mount Barry** (*AB* 38) agus **Quarrymount** (*AB* 48) sa bhf. céanna seo, **Currymount**.

MOUNTMARY

(40)	Mountmurphy (Templemary (X41.30; SO 16))
------	---

- | | | |
|------|---|---------------------|
| 1810 | that part of Templemary commonly called or known by the name of Mountmurphy. | CGn. 624.337.429518 |
| 1812 | that part of Templemary commonly called or known by the name of Mount Murphy. | CGn. 645.320.448536 |

Is bailte fearainn teorantacha iad *Currymount* (cf. **Mount Barry**, **Mountmary** agus **Quarrymount**) agus Templemary réamhluaite.

Ar na háitritheoirí a bhí ag cur fúthu sa timpeallacht seo daichead éigin bliain roimh an gcéad tagairt stairiúil thuas (1810), bhí **John Murphy** (*Rel. Cen.*45, anno 1766), **Edward Murphy** (*Ibid.* 47) agus **Denis Murphy** (*Ibid.* 47).

MOUNTMURPHY

(41)	Muellyston (p.Kilmaclenine (X148.1-2; SO 16))
------	--

- | | | |
|------|------------|--------------|
| 1301 | Muellyston | Plea Roll 11 |
|------|------------|--------------|

Ar na daoine dar sloinne **Mule/Moule** (féach Reaney, *Brit.Surn.*226) a bhí ag cur fúthu i gcomharsanacht seo Chill Mhic Léinín i gcaitheamh na haoise céanna bhí (i) **David Mol** (féach Mac Cotter, Nicholls, *PRC* III 3, anno 1365), (ii) **David Moyl** (*Ibid.* 44, 46; anno 1364-5); (iii) **David Moule** (*Ibid.* 48; anno 1364-5) agus (iv) **Henricus Moule** (*Ibid.*).

MUELLYSTON

(42)	Old Grange (Ballybeg Middle (X41.6; SO 17))
------	--

1737	Old Grange	CGn. 87.131.60916
1744	Old Grange	CGn. 117.471.81481
1772	Old Grang	CGn. 297.540.196117
1826	Old Grange	CGn. 810.165.546100
1851	Old Grange	CGn. 19.153.508

Cuid d'fheirm mhainistir Bhaile Beag (cf. **Abby Land** (*AB* 1) ar leis a luaitear seo sna gníomhais thuasluaite) a bhí sa phaiste talún seo.

OLD GRANGE

(43)	Old Spittle House, The (Knockardandrum (X25.7; SO 2, 3, 7))
-------------	--

1617	a parcel of land called the old Spittle house in or near Kilcolman.	CPR 270-a
------	---	-----------

Sean-fhoróinn de chuid bhf. Knockardandrum (< *Knockardemora*, 1667) sa bharúntacht chéanna a bhí sa phaiste talún seo, Kilcolman (cf. *Kylcolman*, *AB* 29).

Mapa 18b5

OLD SPITTLE HOUSE

(44)	Palmerstowne (p.Churchtown (X57.1-28; SO 7, 16))
-------------	---

1630	Palmerstowne	Inq. IV 50
1637	Palmerstowne	Egm.Mss. 1.1.95

Ón uair go bhfuil *Walshestowne* (> *Walshestown* (X57.28; SO 7, 16)) agus *Clashganniff* (> *Clashganniv* (X57.14; SO 7)) á choimhdeacht seo thuas, is é is dóichí gur i gcóngar an dá bhf. chomharsanacha seo sa chuid oirthuaisceartach de pharóiste sibhialta Bhaile an Teampaill (X57) a bhí Palmerstowne suite.

Níltear cinnte i dtaobh bhunús chuid *Palmer* den ainm, is é sin, pé acu an sloinne, ‘an English surname of Norman origin’ (féach MacLysaght, *Surn.Ir.* 178, ‘pilgrim to the Holy Land’ (féach Reaney, *Brit.Surn.* 240; Woulfe, *SGG* 658; de Bhaldraithe, *Celtica* 23 (1999), 76) nó lobhar a rug craobh pailme leis go dtí An Talamh Naofa é féin (féach Lee, *Dinnseanchas* 2 (1966-7), 71; Lee, *Leper Hosp.* 20) ba cheart a léamh leis, dála **Curraghanalomer** < *Curraghanalmurry*, *ASE* 162-a (anno 1667) < *Currach an Fhalmaire*, ‘wetland of the palmer or pilgrim’ i mbarúntacht chomharsanach Chondúnach agus Chlann Ghiobúin (p.Macroney; *SO* 20, 28).

PALMERSTOWNE

(45)	Parkanumerish (Annagh Bogs, Annagh North, -South (X57.2-4; SO 7))
-------------	--

1734	Parkanumerish (‘Rentroll of the Lands of Annagh’)	Percival Pap. 46999.94
1736	Parkanumerish (‘Part of the Lands of Annagh’)	Percival Pap. 47002.308
1737	Parkanumerish (‘Rentroll of the Earl of Egmonts Estate’)	Percival Pap. 47003.235

Ní léir anois cé acu cuid de na trí bhf. réamhluaithe ar bhain an pháirc chonspóideach seo (13A., 0R., 2P.) léi ’cheal fianaise cartagrafaí agus sonraí áite níos sainiúla.

PÁIRC AN IMRIS; field of the controversy or contention.

(46)	Parkeffarren (Farrancotter (X41.17; SO 16, 24))
-------------	--

1877	Parkeffarren (Farranmacotter ...)	CGn. 12.278.337
------	-----------------------------------	-----------------

1877	Parkeffarran	CGn. 16.241.444
1877	Parkeffarran	CGn. 38.27.1063
1880	Parkiffarn	CGn. 34.214.895
1881	Parkeffaren	CGn. 29.109.796
1884	Parkiffarn	CGn. 15.250.405
1895	Parkeffaren	CGn. 54.239.1786
1906	Parkefaren	CGn. 22.295.711

Sean-fhoranna éagsúla de chuid bhf. **Farrancotter** ab ea **Farrangrove** (*AB 15*) agus **Parkeffarren**.

PÁIRC AN FHEARAINN; field of the land (territory).

(47)	Poul-na-brian (Walshestown (X57.28; SO 16))
------	--

1905	-----	E2
1911	In the farm of William Murphy of Walshestown, there is a large cave called Poul-na-brian. It is said there is a secret passage way between this cave and Churchtown House. Several people in the district tell me it is possible to go at least several hundred yards underground in this passage.	Hist.Top.Notes II 178
1937	-----	E3
1937-8	There is a hole in the centre of the ruin [of New Barn, cf. Old Barn (502)] and it is the entrance to an underground passage which ends in the cave in Walshestown.	Bail. na S. 367.452 <i>(per Evelyn O' Connor, Annagh [South], ó Mrs. McCarthy, Ballinguile, Buttevant).</i>
2000	/d ə 'ke:v/ n	F301, 359

Trácht ar sheanainm réamhluaite na huaimhe seo níor chuala Jack Murphy (F301, Walshestown, aoisghr. 70-75, mac le William thuasluaite) ná a mhac siúd, Michael (F359, seoladh céanna, aoisghr. 40-45).

Tharlódh gur úsáid shubstainteach na haidiachta *bréan* sa chéill (g.) *na bó bréine* ba bhonn le cuid *-nabrian* den ainm.

POLL NA BRÉINE; hole (cave) of the malodorous (decomposing) feature (cow – carcass).

(48)	Quarry Mount (Currymount (X36.3; SO 16))
------	---

1792	lands of Curraghnalessery [> Currymount, q.v.] <i>orse</i> Quarry Mount	CGn. 489.326.309914
1842	lands of Currymount or Mount Barry [AB 38] or Quarry Mount	CGn. 16.204.539
[1887]	Land of good quality, mostly under tillage, an abundant supply of limestone for manure and other purposes [p.Bregoge]	Guy Dir.25
1842	Cavity (x3), léirithe ar	DL

Is é is dóichí gur do cheann de na trí pholl a léirítear ar *DL* a thagraítear i gcéad mhír an ainm.

QUARRY MOUNT

(49)	Rochestowne (Cullig (X57.17; SO 7), Kilgrogan (X136.1; SO 7))
------	--

1629	Rochestowne	Lodge Peerage II 251
1630	Rochestowne	Inq. III 91

1630	Rochestowne (Culleagh, Kilrogan (<i>sic</i>))	Inq. IV 50
1630	Rochestown (Culleagh, Kilgrogan)	Inq. IV 55
1637	Rochestowne	Egm.Mss. 1.1.95
1682	Rochestown (Killogh alias-)	Hist.Top.Notes IV 298

Ós amhlaidh atá Culleagh (> Cullig) agus Kilgrogan á choimhdeacht seo thuas, is i gcóngar an dá bhf. theorantacha chéanna seo, ní foláir, a bhí muintir Róiste lonnaithe tráth.

I leith threise an tsloinne Chorcaigh seo (Ó Murchadha; *Fam.Names* 276-286) i mbarúntacht theorantach Mhainistir Fhear Maí sa bhliain 1461, tugtar faoi deara go raibh 37 baile fearainn sa bharúntacht chéanna sin ar cíós ag muintir Róiste an uair úd (féach de hÓir, *RCrR, Dinnseanchas* 2 (1966-7), 106-112.)

ROCHESTOWNE

(50)	Stackballstowne (Rathmorgan (X25.8; SO 3, 8))
-------------	--

1301	John Stacpol (<i>persona pro loco</i>)	Plea Roll 11
1611	Stackballstowne	Inq. I 228
1621	Stackbolstowne	CPR 209-a
1623	Ballinstackbloige	Inq. II 167
1632	Ballinstabebole	Inq. IV 146
1642	Ballystakaboll	Dep. III 241
1655	Ballestakaball (and Rathmargoony)	DS
1660c.	Ballystakaboll (and Rathmargoony)	BSD 117
1662	Ballystacaboll	Sub.Roll 7
1683	B.stokaball (<i>sic</i>)	Hib.Del.
1750	B.Stacaball (<i>sic</i>)	Smith Map
1758	Ballystackboll	CGn. 192.234.127422
1835	Ballystackpole (538A., 2R., 15P.)	Co.Cess 2

I gcomhair áitainmneacha eile sa cheantar staidéir a dtagtar ar fhianaise Bhéarla agus ar fhianaise Ghaeilge araon iontu, féach 6, 12, 73, 102, 105, 156 agus 158.

In ainneoin gur cinnte go raibh an t-ainm ar marthain i gcónaí sa bhliain 1835, is ábhar iontais é nár luadh paiste talún chomh substaintiúil sin (538A., 2R., 15P.) san *AL* cúig éigin bliana ina dhiaidh sin.

BAILE AN STACBALAIGH; de Stackpole's [féach Reaney, *Brit.Surn.* 305] town (settlement).

(51)	St. Thomas's Closes (Ballybeg Middle (X41.6; SO 17))
-------------	---

1737	St. Thomas's Closes	CGn. 87.131.60916
1744	St. Thomas's Closes	CGn. 117.471.81481
1826	St. Thomas Close	CGn. 810.165.546100
1851	St. Thomas Close	CGn. 19.153.508
1874	St. Thomas Close	CGn. 17.244.495
1886	St. Thomas Close	CGn. 2.46.35

Ar bhunú mhainistir Bhaile Beag do na hAgaistínigh sa bhliain 1237, ba don naomh réamhluaithe a déanadh í a thiomnú (cf. *R.Pat.Cl.* 148-a; anno 1391; *Smith, Cork* I 321; Archdall, *Mon.Hib.* 56; *Guy Dir.* [1887] 27; Gwynn, Hadcock, *MRH* 159; Harbison, *NHM* 71), is sé sin, do St. Thomas àBecket ó Canterbury (Farmer, *Dict.Saints* 472,-4; Shine, *MFCJ* 11 (1993), 84; Conlan, *JCHAS* 107 (2002), 195 :

- | | | | |
|------|------|--|------------------|
| (i) | 1391 | ... <i>p[ri]ori</i> ... <i>S[ancti] Tho[m]e mart[iris] jux[ta] Butyvaunt</i> | R.Pat.Cl. 148-a |
| (ii) | 1494 | <i>Prioratus Sancti Thome Martiris iuxta Bothoviam.</i> | Ann.Cloyn. 24.78 |

- | | | | |
|-------|-----------|---|------------------|
| (iii) | 11/1/1494 | the priorship of the monastery ... of St. Thomas the Martyr at Buttevant (<i>iuxta Bitonum</i>) | CPL XVI. 209.295 |
| (iv) | 1497 | <i>domus Sancti Thome Martiris iuxta Botoviam.</i> | Ann.Cloyn. 27.93 |
| (v) | 31/1/1497 | ... the monastery of St. Thomas the Martyr at Buttevant (<i>iuxta Bitonum</i>) | CPL XVI. 496.734 |

ST. THOMAS'S CLOSES

(52)	Terra Macholdryk (Cooliney (X70.1; SO 7))
------	---

- | | | |
|--------|--|-------------|
| 1344c. | <i>terra Macholdryk</i> | PRC III 112 |
| 1364 | <i>Robertus Cogan ... tenere ... in Coulheney [Cooliney], unam carucatam terrae quae vocatur Macholdryk.</i> | PRC III 30 |
| 1367 | <i>carucata terrae apud Coulheneny vocata Macholdrykeslond.</i> | PRC III 52 |

Is é is dóigh le Kenneth Nicholls go mb'fhéidir gurb ionann cuid *Macholdryk* den ainm agus cuid *Machicallig* na tagartha *Gillacomdach Machicallig, unam carucatam terrae cum pertinentiis in tenemento de Coulleneny* (PRC III 120, anno 1252), á rá 'this carucate in Macholdryk[eslond] must be that lying south of the church of Cooliney held in 1252 by the cleric Gillacomdach Machicallig, whose name may have survived in corrupt form as its eponym; this Gillacomdach ... [having been] first enfeoffed here by his namesake and probable relative Bishop David Makkally who held the bishopric in the period 1237-8' (*Ibid.* 201.146).

In ainneoin go dtagraíonn Jim Meagher do *Machicallig* < *Mac Uí Cheallaigh* (féach *CDHJ* 1 (1986), 95) leis, iarracht ní thugann sé ar an dá fhoirm réamhluaite, *Macholdryk* agus *Machicallig*, a ionannú le chéile.

TERRA MACHOLDRYK

(53)	Tinbriggidane (Annagh Bogs, Annagh North, -South (X57.2-4; SO 7))
-------------	--

1734	Tinbriggidane ('Rentroll of the Lands of Annagh')	Percival Pap.46999.94
1736	Tinbriggidane ('Rentroll of the Earl of Egmont')	Percival Pap.47002.307
1737	Tinbriggidane ('Rentroll of the Earl of Egmont's Estate')	Percival Pap.47003.236

Ní léir ar neamhshainiúlacht chomhthéacs áite na dtagairtí thuas cén chuid de na trí bhf. réamhluaite ar bhain an áit seo (24A., 0R., 28P.; 17A., 1R., 13P.; 7A., 0R., 31P.) léi.

I gcás na chéad eiliminte *toinn* (logthuiseal *tonn* 'a marsh') féach leis **Bruytoyng** (285) agus **Toinn** (593) sa chomharsanacht chéanna le *b* neamhshéimhithe a bheith calctha i bhfianaise an Bhéarla.

TOINN BHRIOGADÁN; marsh of the short prickly stumps (q.v. *Dinneen*).

(54)	Tubberathe (Templemary (X41.30; SO 16))
-------------	--

1905	-----	E2
1925	In the townland there is ... a well Tubberathe (the well of the tea) [which] is piped to the house.	Hist.Top.Notes IV 243
1937	-----	E3

Is é is dóichí gur ón tréimhse 1780-1850 don ainm seo ar na cúiseanna seo a leanas:

- (i) 'It [tea] was first introduced to these islands in the early part of the 18th century, was first drunk by the wealthy and leisured and took

over a century for it to become part of the staple diet of the Irish people' (féach Mahon, *M & H* 38,-9);

- (ii) sa trácht dó ar *Toberatea* (bf. Mortlestown, *bar.* Coshlea, i gcontae Luimnigh ar léi atá cuid den bharúntacht seo i gcontae Chorcaí teorantach) deir *OD*, 'this name is undoubtedly modern and means the *tea well*' (*AL : OD*; Ó Danachair, *Limerick Wells* 209.85);
- (iii) is i mBéarla a thagtar ar an bhfocal i dtéacs Gaeilge timpeall 1721, '... indigo, balsom, tea agus drugs' (Ní Chléirigh, *Eolas ar an Domhan* 185; *CFNG*);
- (iv) in ainneoin go dtagraítear don deoch i bhfoclóir Béarla-Gaeilge timpeall an ama chéanna (1732) 'sórt gas do bhíos san India ... deoch do ghnítheas dana duilleoga' (*Ó Beaglaoidh* 634), is i mBéarla amháin leis a thagtar ar an iontráil san *fhoclóir* ;
- (v) ó lár na hochtú haoise déag ar aghaidh a thagtar ar leaganacha Gaeilge den fhocal, m.sh. 'ní caithtí snaois, is ní bhíodh téa aca ar bord' (Ó Foghludha, *Cois na Ruachtaighe* 18, líne 21 (anno c.1750); *CFNG*) agus 'shaoileas gur chum téa bhí an bhé da gairm' (*JRSAI* 4 (1856), 135 : *Marbhna an Athar Eamuinn Chaomhanaigh* le J. O'Lalor, anno 1764; eag. *OD* (1856)) agus deir *OD* i leith na dí céanna 'Tea at this time [1764] was a great rarity in Ireland, and used only at the tables of the aristocracy' (*Ibid.* 140.3);
- (vi) tagraítear do nuaíocht na dí i gcomharsanacht Áth an Mhuilinn sa bharúntacht chéanna seo sna sleachta seo a leanas :

1937-8	Tea was first introduced here around 75 years ago and very few took it then.	Bail. na S. 369.180 (Mr. Patrick Fox, Blacksmith, Milford, aois 75)
agus		
1937-8	Tea was generally taken in Milford at Xmas, at Easter and at the stations.	Bail. na S. 369.180 (John Watson, Milford,

- (vii) tagraíonn H.C. O'Shea, Corcaíoch, go leathghearánach d'ól na dí sa chontae sa bhliain 1857 á rá 'an entire new system of living ... in opposition to the manner of our ancestors ... one hundred years past' (q.v. *O'Shea, Pamph.8*) agus leanann air, 'not content that the higher orders of society should have tea in abundance, wonderful exertions are being made to introduce to the struggling portion of the community, at a price so low as to tempt every poor habitation to indulge in it twice a day' (*Ibid.*)

TOBAR AN TAE; well of the tea.

(55)	Water Close (Ballybeg Middle (X41.6; SO 17))	
------	--	--

1737	Water Close	CGn. 87.131.60916
1744	Water Close	CGn. 117.471.81481
1826	the pond or Watering place of Ballybeg.	CGn. 810.165.546100
1851	Water Close	CGn. 19.153.508

Is é is dóichí gur laistear den Abha Bheag agus de bhf. *Waterhouse* (X41.33; SO 17) i gcomharsanacht thuaidh mhainistir Bhaile Beag a bhí clós seo an locháin thuasluaite (1826) suite.

WATER CLOSE

Tá ainmneacha eile sa bharúntacht céanna a ndearnadh taighde cuimsitheach orthu ar beartaíodh air nach gcuirfí san áireamh anseo iad toisc fad an tsaothair. Tá liosta díobh tugtha anseo inár ndiaidh. Tugtar faoi deara go bhfuil 55 ainm den chnuasach céanna seo (320) pléite cheana féin faoi 4.1 *Ainmneacha Breise, AB 1 – 55*, chun eilimint nó eilimintí ainmneacha áirithe i gcorp an tsaothair a shoiléiriú. Ainmneacha nár mhair a fhaid le 1930 atá sa treis agus i ndiaidh na leaganacha Béarla tagtar ar réimse ama na n-ainmneacha de réir na fianaise (idir lúibíní), ar chódlitir na barúntachta, ar chóduimhir an pharóiste (Nóta 1) i ngach cás agus ar bhunleaganacha ainmneacha de bhunús Gaeilge.

Beartaíodh ar 1930 mar dháta thuas de bhrí go dtagtar ar bhailiúchán mionainmneacha i bhfoinsí atá ábhairín níos déanaí ná seo nár mhór a chur san áireamh, mar atá, *OSFM* (1932 -3, Nóta 2) agus ainmneacha ó Bhailiúchán na Scol, *Bail. na S.* (1937-8, Nóta 6).

Bheadh sé ar intinn ag an údar iomlán an taighde stairiúil agus na tráchtairachta ar an 320 ainm seo a fhoilsiú amach anseo.

Abby Land (1660 – 1886), X41, *AB 41*

Acre-and-half (1617), X228, *AB 2*

Ahaluske (1587 – 1614), X117, Achadh Loiscthe, burnt field

Ardafeard (1811), X41, Ard an Fheá Aird, high place of the tall beech tree

Arddrubbuck (1591 – 1877), X228, Ard Robac, little Robert's high place

Ard Lambert (1660 – 1732), X41, *AB 3*, Ard Lombaird, Lombard's high place

Athbey (1300), X70, Áth Buí, yellowish ford

Attyduffe (1710 – 1909), X117, Áit Tí Duibh, place of (the) blackish house

Awglanashanacourte (1587), X70, Abha Ghleann na Seanchúirte, river-valley of the old court

Ballinae, Ballinaahie (1614), X117, Baile an Achaidh, town of the field
 Ballinakeen (1836), X57, Baile an Fheá Chaoin, town of the pleasant beech tree
 Ballinaley (1620), X10, Baile na Liath, town of the old men
 Ballingore (1703), X10, Béal Átha an Ghabhair, (?) fordmouth of the goat
 Ballinhanry (1623 – 1859), X214, Baile Hanraí, Henry's town
 Ballyakin (1622), X25, Baile Aidicín, (?) little Adam's town
 Ballycam (1811), X117, Baile Cam, curved/meandering town
 Ballyfinandrohid (1595 – 1608), X117, Baile Fionn an Droichid, bright town of the bridge
 Ballyhollybert (1637 – 1660), X182, Baile Holbeirt, Holbert's town
 Ballylickey (1812), X41, Béal Átha Lice, fordmouth of the flagstone
 Ballynalta (1702), X182, AB 4, Baile an Fháлтаigh, Wall's town
 Ballynefelugg (1733 – 1857), X109, Baile na bhFéithleog, town of the honey plants
 Ballyntybrod (1587), X228, Baile na Tiobraide, town of the well
 Ballyny, Ballyfynn (1608 – 1624), X117, Baile Fhinn, Fionn's town
 Ballynygronon (1587), X10, Baile na gCronán, town of the humming sounds
 Bannbonny, Bunbunny (1667), X41, Bun Buinne, low land of the torrent
 Barnehollis (1591 – 1614), X41, Bearna Sholais, gap of light, bright gap
 Barry's Division (1833 – 1834), X25, AB 5
 Batton's Plot (1872 – 1874), X21
 Baultane (1660 – 1732), X41, Buaile tSeáin, John's booley
 Bayly Plot (1872 – 1874), X214, AB 6
 Blakedyche (1340), X148
 Blakerath (1340), X148
 Bleachyard (1736), X57
 Boherglass (1811), X19, Bóthar Glas, greenish road
 Bohirnagun (1717), X19, Bóthar na gCon, road of the hounds
 Boulkeen (1764 – 1869), X117, Buaile Choinn, Conn's dairy
 Bowhan (1637 – 1667), X41, Buaile Sheáin, John's booley

Bramaleen (1666 – 1732), X41, (?) Bromach an Lín, colt of the flax
 Brickfield (1734 – 1736), X57
 Bullock Ground (1813), X122
 Burgess Plots (1784), X41
 Burntfield (1736 – 1737), X57
 Bwoylehallagh (1618 – 1728), X41, Buaile Shalach, dirty booley
 Cagney's Garden (1880 – 1890), X117
 Caharrowgarrove (1614), X117, Ceathrú Gharbh, roughish quarterland
 Caher (1827), X10, Cathair, stone fort
 Caherrowe (1623 – 1632), X25, Cathair Rua, reddish stone fort
 Callanansfields (1845 – 1891), X214
 Carrigholagh (1589 – 1835), X117, Currach Chabhlaigh, wet land of (the) ruin
 Carroweraght (1612), X182, Ceathrú Iartharach, western quarterland
 Castellnikyllagh, Castellanykillie (1584 – 1593), X25, Caisleán na Coille,
 castle of the wood
 Castle Peirce (1660 – 1732), X41
 Chransallagh (1827 – 1884), X117, Crann Saileach, willow tree
 Church Quarter (1832), X117
 Clanturk (1702 – 1834), X41, Cluain Torc, meadow of (the) boars
 Clashafarson (1718), X41, Clais an Phearsúin, the parson's trench
 Clashnyt []lagh (1597), X10, Clais na (?) Tulcha, trench of the hillock
 Clashroe (1882), X10, Clais Rua, reddish trench
 Clonelowra (1587 – 1833), X228, AB 7, Cluain Lobhra, meadow of (the)
 leprosy
 Clonfade (1301 – 1622), X25, Cluain Fhada, longish meadow
 Clonfeld (1340), X148
 Clonnagher (1597), X10, Cluain Achair, meadow of the space, journey
 Clonrehie (1594 – 1624), X250, Cluain Reithe, meadow of (the) ram
 Clonrobeen (1734 – 1736), X57, Cluain Roibín, Robin's meadow
 Cnok (1340c.), X148, Cnoc, a hill
 Cnokan Lepotes (1340c.), X148, AB 8, Cnocán Lepotes, le Potes hillock

Cnokrath (1340c.), X148, Cnoc Rátha, hill of (the) fort
 Cnokrey (1340c.), X148, Cnoc Réidh, even hill
 Comons (1660c.), X10
 Connolly's Lane (1851 – 1911), X214
 Conyng (1340c.), X148, rabbit warren
 Coolacoura (1811), X10, *AB* 9, Cúla Cumhra, fragrant nooks
 Coolearagh (1614 – 1830), X228, Cúil Iartharach, western corner, nook
 Coolenedornorie (1614), X117, Cúil na dTornóirí, corner of the wood turners
 Cooleneforehane (1758), X25, Cúil na bhFuarán, corner of the streams
 Corraghnaglieve (1833), X228, Currach na gCliabh, wetland of the baskets
 Countesses Fields (1820 – 1918), X214
 Cowylnaghe (1584 – 1617), X10, Cuileannach, place abounding in holly
 Crab Orchard (1779), X182
 Crabstocks (1836 – 1864), X57
 Crofts Farm (1833), X228
 Croghtacunany (1718), X41, *AB* 10, Crochta an Chonanaigh, Conning's croft
 Crokes Farm (1836), X214
 Croughane (1587), X214, *AB* 11, Cruachán, small rick, burial ground
 Cuffes fort (1593), X25, *AB* 12
 Cuffes Wood (1587), X117, *AB* 13
 Curragh (1340c.), X148, Currach, wetland
 Curragh, le (1340c.), X148, Currach, wetland
 Curraghnamadara (1721 – 1791), X25, Currach na Madraí, wetland of the dogs
 Diragh (1591), X10, Doireach, place abounding in oak trees
 Dirriniveagh (1618 – 1915), X19, *AB* 14, Doire na bhFia, oakwood of the deer
 Dohertysground (1840), X182
 Dorneyhill (1811), X117
 Drombeg (1613 – 1835), X117, Drom Beag, smallish ridge
 Dromboy (1811), X228, Drom Buí, yellowish ridge
 Dromirchin (1637 – 1666), X182, Drom Oirchinn, ridge of (the) head, end
 Dromore (1613 – 1835), X117, Drom Mór, expansive ridge

Dwylishene (1614), X228, Duílísín, blackish little enclosure
 Ellard's Division (1833 – 1834), X25
 Faha (1753 – 1861), X182, Faiche, a green
 Faha (1670 – 1785), X117, Faiche, a green
 Farrangrove (1864), X41, *AB* 15
 Farranibeggy (1637 – 1666), X41, *AB* 16, Fearann an Bheighigh, Begg's land
 Farrell's Plot (1880 – 1881), X214
 Farrenbeartie (1637 – 1638), X36, Fearann Beartaí, land of (the) feats/bundles
 Farrengilliwraurie (1591 – 1892), X25, Fearann Giolla Bráithre, land of the devotee of the brethren
 Farrenhaury (1636 – 1733), X228, Fearann Hanraí, Henry's land
 Farrenkeahea (1614 – 1853), X228, Fearann Ceatha, land of (the) shower
 Farrenwasten (1660 – 1732), X41, Fearann an Mhaistín, land of (the) mastiff
 Farrenwaterine (1584 – 1684), X109, Fearann Uaitéir Fhinn, fair Walter's land
 Farrenymulkaness (1639), X182, *AB* 17, Fearann Uí Mhaolchainnis, O'Mulkanny's land
 Fasaghkiel (1713), X109, Fásach Caol, narrow wasteland
 Feagh (1745 – 1917), X214, Fíoch, wooded area
 Fern Macbaghly (1340c.), X148, *AB* 18, Fearann Mhac Bachlaigh, land of the sons of Bachlach
 Figgoune (1723 – 1732), X41, Fíodh an Ghabhann, wood of (the) smith
 Flax Fields, The (1720 – 1920), X214
 Forty Acres (1738 – 1767), X214, *AB* 19
 Garebricken (1660c. – 1907), X70, Garraí Bricín, Bricín's garden
 Garrenboy (1584), X228, Garrán Buí, yellowish garden
 Garrien Pigoddy (1637 – 1638), X41, *AB* 20, Garraí an Phiogóidigh, Pigott's garden
 Garrikoell (1608), X25, Garraí Caol, narrow garden
 Garrinvicarrigge (1608), X25, Garraí an Bhoic Dheirg, garden of the reddish buck

Garronyglynne (1587), X228, Garrán na Glinne, grove of the glen
 Garryard (1764 – 1856), X41, Garraí Ard, highish garden
 Garryconba (1637 – 1638), X36, Garraí (?) Conbáite, garden of (the) hound-drowning
 Garrymacshaneroe (1637 – 1638), X41, Garraí Mhic Sheáin Rua, garden of the son of reddish John
 Garrymeasky (1608), X25, Garraí Measctha, garden of the mixing/dipping
 Garryniblakig (1608), X25, *AB* 21, Garraí an Bhlácaigh, Blake's garden
 Garrynaclohie (1608), X25, Garraí na Cloiche, garden of the stone
 Garrynagronan (1587), X10, Garraí na gCrónán, garden of the humming sounds
 Gaule (1723 – 1732), X41, Gabhal, a fork
 Glancurran (1591 – 1614), X117, Gleann an Chorráin, glen of (the) crescent
 Glanetempán (1587), X228, Gleann an Tiompáin, glen of the timbrel
 Glasclone (1669 – 1878), X117, Glascluain, greenish meadow
 Glashfoilyloch (1622), X25, Glaise Fhail an Locha, stream of the cliff of the lake
 Glassinetoren (1591), X228, *AB* 22, Glaisín na Teorann, streamlet of the boundary
 Glassláine (1667), X41, Glaise Lán, full stream
 Glassnagiff (1753 – 1887), X25, Glaise na (?) Goimhe, field of the anguish
 Glassynefenogie (1608), X25, Glaisín na Feannóige, streamlet of the scaldcrow
 Gleatan (1597 – 1624), X117, Gleanntán, a dale
 Gleebe (1660c. – 1860), X117
 Gortafona (1811), X214, Gort an Phóna, field of the pound
 Gortegrenan (1728 – 1780), X25, Gort an Ghrianáin, field of the high place
 Gortenate (1643 – 1644), X122, Goirtín an Tí, little field of the high place
 Gortenowlart (1614), X117, Gort an Úlloird, field of the orchard
 Gorterouf (1340c.), X148, Gort (?) Rous, Rous's field
 Gortinespunk (1660c. – 1732), X41, Goirtín na Sponc, little field of the tinders

Gortinimeris (1591 – 1614), X117, *AB* 23, Gort an Imris, field of the contention

Gortire (1591), X10, Gort Íomhair, Ivar's field

Gortnahdarry (1670), X117, Gort na Daraí, oak-abounding field

Gortnenackry (1608), X25, *AB* 24, Gort na nAcraí, field of the acres

Gortnepallice (1614), X117, Gort na Pailíse, field of the palisade

Gortnepissy (1655 – 1670), X117, Gort na Pise, pea field

Gortnesosely (1667), X41, Gort na Sosalaí, field of ?

Gortnetotane (1666), X41, Gort an Tóiteáin, field of the conflagration

Gortnyclassy (1608), X25, Gort na Claise, field of the trench

Gortnypark (1597), X25, Gort na Páirce, field of the enclosure

Gortroe (1732 – 1746), X214, Gort Rua, reddish field

Gortyngebauch (1340c.), X148, Goirtín Giobach, roughish/coarse field

Gortynnarahennie (1608), X25, Goirtín na Raithní, little field abounding in ferns

Gortvullera (1722 – 1892), X19, Gort an Mhuilleora, miller's field

Gower's land (1340c.), X148, *AB* 25

Greenfields (1833), X228

Greymills (1829 – 1835), X214

Grove, le (1340c.), X148

Grovefeld (1340c.), X148

Gurteens (1830), X117, Goirtín(i), little field(s)

Gurtenemeny (1667), X41, Gort na Mine, field of the meal

Gylrathdousfeld (1340c.), X148

Henriesland (1591 – 1614), X228

Highpark (1812), X41

Hillfarm (1850), X70

Horse Close (1737 – 1909), X41, *AB* 26

Horsefield (1885), X182

Hylle, le (1340c.), X148

Inchinearla (1728 – 1754), X214, Inse an Iarla, wet meadow of the earl

Keil (1764 – 1869), X228, Coill, a wood
 Kilbawry (1622 – 1822), X25, Coill Bhanraí, wood of the sheepfold
 Kilbride (1300 – 1686), X182, *AB* 27, Cill Bhríde, church dedicated to St. Bridget
 Kilgonane (1637 – 1667), X36, Cill/Coill Ghionáin, church/wood of (the) opening
 Kill (1857 – 1877), X182, Coill, a wood
 Killeballinlaghtie (1614 – 1835), X117, Cill Bhaile an Leachta, church of the town of the monument
 Killegillan (1637 – 1729), X41, Cill/Coill an Ghalláin, church/wood of the standing stone
 Killeenleagh (1737), X36, Cillín/Coillín Liath, greyish little church, wood
 Killeens (1758), X25, Cillín(i)/Coillín(i), little church(es), wood(s)
 Killelane (1660c. – 1797), X228, Coill Ultáin, Ultan's wood
 Killindonell (1622 – 1791), X25, Coillín Dónaill, Dónall's little wood
 Killnecallie (1637 – 1771), X89, *AB* 28, Cillín na Caillí, little church of the hag
 Killnetwohill (1637 – 1638), X89, Cillín/Coillín Tuathail, Tuathal's/askew little church/wood
 Killursin (1666), X41, Cill/Coill Ursan, church/wood of (the) props
 Knockanavore (1772), X41, Cnocán an Bhóthair, hillock of the road
 Knockanebane (1775), X182, Cnocán Bán, whitish hillock
 Knockard (1660c. – 1732), X41, Cnoc Ard, high hill
 Knockeclievane (1836 – 1874), X57, Cnoc an Chliabháin, hill of the bird-trap
 Knockeen (1811), X10, Cnoicín, a hillock
 Knocknamather (1660c. – 1862), X228, Cnoc na Máthar, hill of the mother
 Knockrobin (1637 – 1638), X36, Cnoc Roibín, Robin's hill
 Kylclonan (1300 – 1924), X41, Cill/Coill Chlúmháin, church/wood of the plummage
 Kylcolman (1587-1685), X21, X25, *AB* 29, Cill Cholmáin, church dedicated to St. Colman
 Kyledonadaravy (1587), X228, Coill Dún na ? , wood of the fort of the ?

Kyldownadowen (1584), X10, Coill Dún na dTamhan, wood of the fort of the trunks
 Kylgrosyn (1340c.), X148, Cill/Coill Grosain, church/wood of ?
 Kyllyearthlane (1587), X10, Cill an Fhearta Láin, church of the full grave or mound
 Kylmarauch (1340c.), X148, AB 30, Cill na (?) mBarrach, church of the Barrys
 Kyllvallingvalle (1584 – 1608), X25, AB 31, Cill/Coill an Bhailisigh, Walsh's church/wood
 Kylyn (1340c.), X148, Cillín/Coillín, little church, wood
 Kylyn Arlema (1340c.), X148, Coillín Ardléime, little wood of the high jump
 Lackenagrane (1830), X182, Leaca an Gharráin, hillside of the grove
 Lackill (1857 – 1877), X182, Leathchoill, half wood
 Lagg (1660 – 1826), X41, Log, a hollow
 Lakyncroyhey (1340c.), X148, Leaca na Croiche, hillside of (the) hanging
 Langeland, le (1340c.), X148
 Lessenchynauch (1340c.), X148, Lisín na Sionnach, little fort of the foxes
 Limekiln Farm (1887 – 1908), X25
 Lime Walk, The (1841 – 1907), X214
 Lisalough (1736), X57, Lios an Lochá, fort of the lake
 Lisscarroll Orchard (1728), X182
 Lisdargan (1637 – 1638), X57, Lios Deargáin, Dorgan's fort
 Lisinigilly (1604), X19, Lisín an Ghiolla, little fort of the servant
 Lisnebagh (1736), X57, Lios na Beatha, fort of the nourishment
 Lisnesaska (1750 – 1904), X214, AB 32, Lios na Seasca, fort of the milkless cow
 Lissheenaboofjoon (1811), X10, Lisín na mBó Fionn, little fort of the white cows
 Lissimohir (1750 – 1904), X19, Lios an Mhothair, fort of the thicket
 Lockly's Plot (1841 – 1874), X214
 Long Walk (1832 – 1883), X214
 Louhansalauch (1300 – 1915), X19, Lochán Salach, dirty lake

Lumbard's Orchard (1666 – 1732), X41, *AB* 33
 Lumbert's Mill (1667 – 1732), X41, *AB* 34
 Lysletrim (1591 – 1879), X10, Lios Liatroma, fort of (the) greyish ridge
 Madigan's Lane (1901 – 1911), X214
 Maghery (1660c. – 1732), X41, Machaire, a plain
 Malekyneston (1300c.), X10, *AB* 35
 Marchalfeld (1340c.), X148
 Mare's Close (1692 – 1820), X214
 McGuire's Plot (1872 – 1874), X214
 Mill Land (1852 – 1853), X41
 Mill Quarter (1884), X117
 Miltereogh (1618 – 1835), X41, Maoil Tí Riabhaigh, bare hill of (the) greyish house
 Moneavode (1779 – 1910), X182, Móin an Bhodaigh, bogland of the low-bred person
 Moneneknockane (1723 – 1892), X19, Móinín an Chnocáin, small bog of/on the hillock
 Moneshena (1713 – 1855), X117, Móin na Sionnach, bogland of the foxes
 Moneteenashaska (1736), X57, *AB* 36, Móintín na Seasca, small bog of the milkless cow.
 Monetine (1669 – 1811), X228, Móintín, small bogland
 Monevara (1740), X10, *AB* 37, Móin an Bharraigh, (de) Barry's bogland
 Mount Barry (1840 – 1844), X36, *AB* 38
 Mount Mary (1843), X36, *AB* 39
 Mountmurphy (1810 – 1812), X41, *AB* 40
 Moynevenoge (1618), X182, Maigh na bhFeannóg, plain of the scaldcrows
 Muellyston (1301), X148, *AB* 41
 Mukelfeld, le (1340c.), X148, big field
 Mukelway (1340c.), X148, big way
 Mullaghnicee (1630 – 1637), X57, Mullach na Craoibhe, summit of the branch
 Neilandsfields (1850 – 1905), X214

New Orchard (1844 – 1864), X214
 Nigarran (1584 – 1587), X10, Na Garráin, the groves
 North Farm (1723 – 1891), X41
 Nursery, The (1835 – 1891), X214
 Old Castle, The (1618), X19
 Old Farm (1884), X117
 Old Grange (1737 – 1851), X41, *AB* 42
 Old Orchard, The (1844 – 1864), X117
 Oldorchyerd, le (1340c.), X148
 Old Spittle House (1617), X25, *AB* 43
 Orchard Meadow (1636), X117
 Paddock (1764 – 1869), X117
 Paddock (1836 – 1855), X214
 Paddock Wall (1772), X41
 Palmerstowne (1630 – 1637), X57, *AB* 44
 Parcke (1660c. – 1866), X214
 Parkalougha (1810 – 1811), X19, Páirc an Locha, field of the lake
 Parkanumerish (1736), X57, *AB* 45, Páirc an Imris, field of the contention
 Parkeffarren (1877 – 1906), X41, *AB* 46, Páirc an Fhearainn, field of the land
 Parkenoffe (1728 – 1780), X25, Páirc na nUbh, field of the eggs
 Parkmore (1829 – 1843), X182, Páirc Mhór, big/large field
 Parknasilly (1736), X57, Páirc na Sailí, willow field
 Parknaspink (1857 – 1877), X182, Páirc na Spince, field of the projecting rock
 Parson Cotter's Chimney (1842 – 1892), X214
 Poul nabrian (1911), X57, *AB* 47, Poll na Bréine, hollow of the malodorous
 cow-carcass
 Priestowne (1669 – 1896), X117
 Priest's Lane (1851), X41
 Quarryfield (1852 – 1853), X41
 Quarry Mount (1792 – 1842), X36, *AB* 48
 Quarry Road, The (1723 – 1725), X214

Raghins (1637 – 1638), X36, Ráithín(i), small fort(s)
 Rahatemple (1587), X214, Ráth an Teampaill, fort of the church
 Ratharde (1637), X41, Ráth Ard, high fort
 Rathgybbe (1340c.), X148, Ráth Ghib, little Gilbert's fort
 Rathnegour (1701 – 1879), X25, Ráth na nGabhar, fort of the goats
 Rathnegowel (1852), X10, Ráth na nGall, fort of the foreigners
 Rathvirinan (1593 – 1903), X10, Ráth (na) bhFearnán (?), fort of (the) alder trees
 Robert's Fields (1887 – 1906), X214
 Rochestowne (1629 – 1682), X57, *AB* 49
 Sand Pit Fields (1885 – 1920), X214
 Schadesane (1587), X228, Sceach an Dosáin, whitethorn of the small bush
 Scrubby (1667 – 1732), X41
 Shankeen (1877 – 1906), X41, Seanchaoín, rink-like land surface
 South Farm (1739 – 1784), X41
 Sparrowground (1852 – 1853), X41
 Sronagluggin (1614), X228, Srón na gCloigeann, snout-like feature of the skulls
 Stacieston (1301), X214
 Stackballstowne (1611 – 1835), X25, *AB* 50
 St. Thomas's Close (1737 – 1886), X41, *AB* 51
 Tenants fields (1882 – 1909), X228
 Terra Macholdryk (1340c.), X70, *AB* 52
 Tinbriggidane (1736), X57, *AB* 53, Toinn Bhriogadán, marsh of the prickly stumps
 Togher field (1736), X57
 Tubberathe (1925), X41, *AB* 54, Tobar an Tae, well of the tea
 Tucking Miller's Field (1723 – 1892), X19
 Tulleny (1622), X25, Tulaigh (?) an Fhia, hillock of the deer
 Two Parks, The (1858), X182
 Ville of McCormok (1340 – 1402), X182

Violethill (1812), X214

Warrenfield (1717), X19

Water Close (1737 – 1851), X41, AB 55

West Farm (1871 – 1891), X41

Wilderness, The (1841 – 1864), X57

Willysfort (1801 – 1909), X228

Wood Meadow, The (1636), X117

Woodpark (1812), X41

Woodview (1812 – 1904), X228

Aois na n-ainmneacha seo de réir na fianaise

Céad blian	Bunús Gaeilge	Bunús Béarla	Iomlán	I gcomparáid leis na hainmneacha a mhaireann
1300 – 99	23 $23/41 = 56\%$	18 $18/41 = 44\%$	41	29 Gaeilge, 7 Béarla = 36
1400 – 99	0	0	0	6G, OB = 6
1500 – 99	37 $37/40 = 92.5\%$	3 $3/40 = 7.5\%$	40	49G, 7B = 56
1600 – 99	79 $79/95 = 83\%$	16 $16/95 = 17\%$	95	106G, 15B = 121
1700 – 99	45 $45/63 = 71\%$	18 $18/63 = 29\%$	63	33G, 30B = 63
1800 – 99	27 $27/78 = 35\%$	51 $51/78 = 65\%$	78	82G, 66B = 148
1900 – 99	2 $2/3 = 66\%$	1 $1/3 = 33\%$	3	98G, 60B = 158
Iomlán	213	107	320	

Cineálacha Ainmneacha

B'fhéidir na cineálacha ainmneacha a rangú (in ord iomadúlachta de réir cineáil) mar seo a leanas (tugtar faoi deara anseo nach annamh eilimintí ag luí thar ciumhais a chéile, cf. **Sonraí Staidéir – Eilimintí**) :

Cineál

Iaimh Thalún 93/320 (29%)	Achadh (1), Buaile (4), Close (4), Crochta (1), Faiche (2), Farm (8), Field(s) (19), Garden (1), Garraí (11), Garrán (3), Gort (17), Goirtín (5), Grange (1), Grove (2), Meadow (1), Paddock (3), Park (10).
Gnéithe Aiceanta 67/320 (21%)	Abha (1), Ard (3), Bun (1), Bearna (1), Clais (3), Cluain (7), Cnoc (6), Cnocán (3), Cnoicín (1), Currach (5), Ditch (1), Drom (4), Fásach (1), Gabhal (1), Glaise (3), Glaisín (2), Gleann (2), Leaca (1), Loch (1), Lochán (1), Log (1), Machaire (1), Magh (1), Maoil (1), Móin (3), Móinín (1), Mount (4), Mullach (1), Poll (1), Srón (1), Tobar (1), Toinn (1), Tulach (1), Wilderness (1)
Téarmaí Talún 31/320 (9.7%)	Caoin ('land surface') (1), Commons (1), Division (2), Fearann (10), Ground (3), Land (4), Lane (3), Plot (6), Yard (1)
Téarmaí Lonnaíochta 27/320 (8.4%)	Áit (1), Baile (13), Cúil (4), Town (9)
Téarmaí Bitheolaíochta 26/320 (8.1%)	Coill (6), Coillín (2), Crabstocks (1), Crann (1), Cuileannach (1), Doire (1), Doireach (1), Fíodh (1), Fíoch (1), Orchard (6), Sceach (1), Scruby (1), Wood (3)
Ionaid luatha cosanta/cónaithe 24/320 (7.5%)	Caisleán (3), Cathair (2), Fort (2), Lios (5), Lisín (4), Ráth (7), Ráithín (1)
Téarmaí Doiléire 10/320 (3.2%)	Cill/Coill (6), Cillín/Coillín (4)
Téarmaí Eaglasta 10/320 (3.2%)	Abby (1), Cill (6), Cillín (1), Cruachán (1), Glebe (1)
Raonta Taistil 9/320 (2.8%)	Áth (1), Béal Átha (2), Bóthar (2), Road (1), Walk (2)
Téarmaí Eile 7/320 (2.2%)	(?) Bromach (1), Chimney (1), Conyng (1), House (1), Mill(s) (2)

Tomhaiseanna Talún 6/320
(1.9%)

Acre (2), Ceathrú (2), Quarter (2)

Caibidil a Cúig – Sonraí Staidéir

5.1 Foirmeacha Gaeilge na nAinmneacha (591)

In ainneoin gur ainmneacha de bhunús Gaeilge 70.8% d'iomlán na n-ainmneacha sa saothar staidéir (432/610), is é sin, 88.5% de na hainmneacha riaracháin (*AR*, 200/226, lúide ainmneacha Béarla agus ainmneacha a Gaelaíodh, uimh. 6, 8, 12, 73, 102, 105, 106, 156, 158 agus 187) agus 60.4% de na hainmneacha eile (*AE*, 232/384), fós féin, is íseal é líon na dtagairtí Gaeilge féin (591) i gcomhthéacs líon iomlán na dtagairtí scríofa sa saothar trí chéile (7.9% de 7,522).

Is as ábhar lámhscríofa do 431/591 (72.9%) de na tagairtí céanna (288/591, 48.7%, *AR*; 143/591, 24.2%, *AE*) agus is as foinsí clóite a baineadh an chuid eile, 160/591 (117/591, 19.8%, *AR*; 43/591, 7.3%, *AE*).

Is ó dhoiciméid de chuid na *SO* do bheagán le cois leath de na tagairtí Gaeilge seo (309/591, 52% : *AL* : *OC*; *AL* : *OD*; *ALPB* : *OD*; *MSO* : *OD*; *OSFM*) agus is tagairtí sásúla iad formhór na n-iontrálacha dá soláthraíonn *OC* agus *OD* (féach Nóta 4), is é sin, beirt scoláirí Gaeilge de chuid chéadsuirbhé léarscáilíochta na *SO*, in ainmleabhair na *SO*, sa tréimhse 1840 – 1844 (cf. Nóta 4).

Is liosta le háireamh é tagairtí cruinne nó moltaí inghlactha na beirte céanna seo, ina measc, leaganacha sásúla *OC* (cf. Nóta 4 (i), 99 sampla ; 4 (xi), 4 iontráil; 4 (xii), 4 leagan) agus *OD* (cf. Nóta 4 (ii), 48 solaoide; Nóta 5 (i), 10 gcinn) agus tagairtí míchearta nó míchrúinne dá gcuid is ea na cinn seo a leanas : *OC* (cf. Nóta 4 (iii), 33 moladh ; 4 (iv), 28 leagan ; 4 (v), 13 eiseamláir, 4 (x), 6 sampla; 4 (xiii), tarlachtaint amháin; 4 (xv), solaoide amháin) agus *OD* (cf. Nóta 4 (v), 13 moladh; 4 (vi), 13 eiseamláir, 4 (vii), 12 solaoide; 4 (xii), 2 eiseamláir; Nóta 5 (ii), 6 cinn).

Déantar na tagairtí Gaeilge réamhluaite seo a achoimriú mar seo a leanas fara moladh eiseamláireach amháin i ngach cás :

Moladh sásúil	<i>OC</i>	<i>OD</i>
	cluain caoin (: Cloonkeen, uimh. 9) : Nóta 4 (i), tagann <i>OD</i> le gach sampla eile a liostáiltear sa nóta céanna, á n-aistriú go Béarla.	Eaglais Droigheanach (: Aglishdrinagh, uimh. 3) : Nóta 4 (ii)
	gort na gcoll (: Gortnagoul, uimh. 132) : Nóta 4 (xi)	gort na ngall : Nóta 4 (xi)
	garradh [garraí] na gcrannóg (: Garrynagranoge, uimh. 187) : Nóta 4 (xii)	bréagóg (: Bregoge, uimh. 37) : Nóta 5 (i)
Moladh mícheart / míchruinn	cill a' tuathaigh (: Kiltuohig, uimh. 34) : Nóta 4 (iii), tagann <i>OD</i> le gach sampla eile a liostáiltear sa nóta céanna, á n-aistriú go Béarla (<i>recte</i> Coill Tuathaigh)	na haicmidhe (: Hackmys, uimh. 112) : Nóta 4 (vi), <i>recte</i> Eachinis.
	baile Onóran (: Ballynoran, uimh. 7) : Nóta 4 (iv) (<i>recte</i> Baile an Fhuaráin, mar a tuigeadh do <i>OD</i> : baile an uaráin.	doire deargáin / dargan (: Derryorgan, uimh. 20) : Nóta 4 (vii), <i>recte</i> Doire Uí Dheargáin
	baile na dtreighdin (: Ballynadrideen, uimh. 6) < Baile na dTreighdineach (sloinne) : Nóta 4 (v)	baile an droichidín (: Ballynadrideen, uimh. 6) : Nóta 4 (v)
	creamhóg (: Cromoge, uimh. 127) < Cromóg : Nóta 4 (x)	creag Meadhóig (: Cromoge) : Nóta 4 (x), tagann <i>OD</i> ar athmhachnamh ar ball agus foirm cheart, cromóg, á soláthar aige
	baile na triolla (: Ballynatrilla, uimh. 156) : Nóta 4 (xiii) – Ballyntrealy (anno 1626) feicthe ag <i>OC</i> agus ag <i>OD</i> , is é sin, pé ciall atá leis, dhealródh sé gurbh fhirinsneach dó ó bhunús.	garraidh na gráineóige (: Garrynagranoge, uimh. 187) : Nóta 4 (xii), <i>recte</i> Garraí na gCrannóg
	áth an fhána (: Afanny Bridge, uimh. 227) < áth	Afanny Bridge 'I think this is a fancy name',

	feadhnaigh : Nóta 4 (xv)	OD
	-----	baile uí aedha (: Ballyhay, uimh. 28) : Nóta 5 (ii), <i>recte</i> Bealach Átha

Ar na tagairtí eile a baineadh as foinsí lámhscríofa (arís ní luaitear anseo ach tagairt amháin in aghaidh na foinse) d'áireoinn :

- (i) lámhscríbhinní luatha Gaeilge : Leabhar Bhaile an Mhóta (*BB* : Orbraidhe (uimh. 1), *BB* 148 vb 16, 1390c.); Leabhar Leacáin (*Lec.*: Orbraidí (1) : *Lec.* 116 va 33, 1400c.); Leabhar Leasa Móir (*Lis.* : Corco Muichit (107) : *Lis.* 175 va 34, 1490c.);
- (ii) lámhscríbhinní Gaeilge ó thréimhsí éagsúla níos déanaí ná (i) atá ar coimeád in institiúidí éagsúla ((a) – (j) thíos, b'fhéidir a áiteamh anseo leis go bhfuil cuid mhaith de na tagairtí céanna seo i gcló cheana féin i gcatalóga lámhscríbhinní ach is mar ábhar lámhscríofa a chaitear leo anseo), ina measc :
 - (a) Acadamh Ríoga na hÉireann (*RIA* : a mBaillenoran (uimh. 7), *RIA* 12 F 7, 306; 1749);
 - (b) An Bibliothèque Mazarine i bPáras (*Par.* : a cCaisleádh an Lisín (123), *Par. M f* 32 r 1 ; 1760);
 - (c) An Leabharlann Náisiúnta (*LN* : Oiriridhe agus na Coille Móire (1, 2), *LN* : G 325 iv, 249);
 - (d) Coláiste Cholmáin, Mainistir Fhear Maí (*FCF* : Bealaig Átha (21), *FCF* 20, 85i; 1721);
 - (e) Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, cnuasach Ferris (*BF* : Chille Boláin (117) : *BF* 25 76; 1816);
 - (f) Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, cnuasach Thórna (*T* : i tteampall Muirre (71) : *Txiii* (a) 48; 1814);
 - (g) Coláiste Phádraig, Maigh Nuad, cnuasach Uí Mhurchú (*MM* : Ráth an Ghogannaig (176) : *MM* 12, 384; 1820);

- (h) Leabharlann an Bodleian, Oxford (*Ox.* : a Liscearabhuill (166) : *Ox.* f 2184; 1810);
- (i) Leabharlann na Breataine, Londain (*B.Cat.* : Chéill Bholáin (117) : *B.Cat.* II 181; 1816c.) agus
- (j) Teach an Easpaig Chaitlicí, Luimneach (*Luim.* : Achram (191) : *Luim.* I 227; 1848);
- (iii) lámhscríbhinní ón tréimhse 1932 – 1938 a dtagtar ar leaganacha Gaeilge iontu, mar atá, lámhscríbhinní de chuid na *SO* (*OSFM* (1932-3), m.sh. Cúl Tighe Chormaic (333), *OSFM* 68) agus de chuid Bhailiúchán na Scol (*Bail. na S.* (1937-8), m.sh. Máireguan (462), *Bail. na S.* 367.401) agus
- (iv) tagairtí lámhscríofa i bhfoinse eile, m.sh. Killnemullach (42), *Windele Mss.* 12 I 10, 163; 1850 agus Coill Muighe Gabhra (215), *Ó Fogh.* : *Log.* 282; 1956).

B'fhéidir na tagairtí Gaeilge a baineadh as ábhar clóite a aicmiú mar seo a leanas : (i) téacsáí próis agus téacsáí a dtagtar ar phrós agus ar fhilíocht iontu * (845 – 1650, (a) – (j) thíos : **Cogadh Gaedheal re Gallaibh*, **Trip. Life* (Stokes), **Lebor na Cert*, **An Leabhar Laighneach*, *Annála Inis Faithleann*, *Annála Ríoghachta Éireann*, **Foras Feasa ar Éirinn*, **An Leabhar Muimhneach*, **Leabhar Mór na nGenealach* (Mac Fhirbhisigh), (ii) saothair filíochta (1380c. – 1850), (a) – (w), an chuid is líonmhaire tagairtí den ábhar clóite, ar tagairtí ó shaothair fhilí na Mumhan is mó atá iontu) agus (iii) saothair ilchineálacha eile (1864 – 1996, (a) – (l), is é sin, tagairtí Gaeilge a sholáthraíonn Seán Ó Donnabháin, Seosamh Laoide, Edmund Hogan, P.W. Joyce, Risteárd Ó Foghludha, Diarmaid Ó Murchadha agus roinnt údar eile).

Tagairtí eiseamláireacha de (i) in ord ama :

- (a) co Cuil Emni (uimh. 103), *CGG* 14 xiii; 845;
- (b) la Forbraigi (1), *Trip. Life* (Stokes) 1.250; 900c.;
- (c) a hOrbraigib (1), *L. Cert* 24.317; 1050c.;

- (d) Orbraigi (1), *LL VI* 1445.43663; 1160c.;
- (e) Belach Átha (21), *AIF* 308.3; 1176;
- (f) Cill Cluaisi (420), *CrC* 177.14; 1200c.;
- (g) na coilleadh móire (2), *ARÉ V* 1714; 1579;
- (h) Tulach Léis (222), *FFÉ III* 304.4764; 1630c.;
- (i) Corca Muichead (107), *LGen.DF* 51.15; 1650c.;
- (j) Orbhraighe (1), *LM* 38; 1650

Tagairtí samplacha de (ii) in ord ama :

- (a) tar Daoil (uimh. 354), *Diogh.D.* 74.51; 1380;
- (b) im Dhaoil (354), *Top.Poems* 35.931; 1400c.;
- (c) o Mhaigh (461), *Aith.D.* 1.162.34; 1424;
- (d) Ceall na Mallach (42), *C. Uí Ch.* 519.402; 1550c.;
- (e) ón Mháigh (461), *Tadhg Dall* 19.1; 1580c.;
- (f) ón Mháidh (461), *LÍE* 240.2957; 1600;
- (g) Orbhraidhe (1), *Tribes Ir.* 70; 1615;
- (h) fionn Dhaoile (354), *Butler Poems* 68.1587; 1640c.;
- (i) Lis Cearbhuill (166), *Seathrún Céitinn* 65.1060; 1642;
- (j) Lios Cearbhaill (166), *Haicéad* 54.145; 1649;
- (k) Leasa Cearbhaill (166), *Diar. Mac Cár.* 5.74; 1666;
- (l) Oirirí (1), *Ó Bruadair II* 244; 1681;
- (m) i gCill na Mullach (42), *Dánta Shéaf.* 32; 1708;
- (n) Oiririghe agus na Coille Móire (1, 2), *Seán Clárach* 56.1334; 1720;
- (o) na Rátha (176), *Liam Ruadh* 65.58; 1720;
- (p) na Rátha (176), *É. na Máighe* 92.2; 1738;
- (q) Ó Chill gheal Bollán (117), *Tadhg Gaedh.* 121.347; 1749;
- (r) ón Ráth (176), *Liam Inglis* 21.46; 1750;
- (s) Lios Cearbhaill (1666), *Éamonn de bhFál* 43.143; 1760;
- (t) an Ráth (176), *Barántas* 193.59 (idir phrós agus fhilíocht sa saothar seo); 1770;
- (u) An Daoil (354), *Príomhsh.Éir.* 73.303; 1794;

- (v) Lios Cearbhaill (166), *Ó Braonáin* 64.192; 1824;
- (w) Ráth Loirc (176), *Poets Muns.* 118; 1850;

Tagairtí Gaeilge ó shaothair eile (iii) :

- (a) Corca Muicheat (uimh. 107), *O'Don. Supp.* 608; 1864;
- (b) Baile Salach (183), *Seán Clárach* xxi ; 1902;
- (c) Ráth Luirc (176), *Postsheanchas* 103; 1905;
- (d) cell na mullach (42), *Onom.Goed.* 207-b; 1910;
- (e) móin na brice (143), *Or.Hist.Ir.N.P.* III 504; 1913-18;
- (f) Baile na dTráighdíneach (3), *IBL* 20.82; 1932;
- (g) Ráth Luirc (176); *Ó Fogh.:Log.* 65; 1935;
- (h) Cill na Mullach (42), *MHRH* 45; 1944;
- (i) Bealach Átha (21), *Bailte Poist* 78; 1969;
- (j) Baile an Bhailisigh (102), *Fam.Names* 319; 1985;
- (k) Áth Fefanni (227), *CDHJ* 3.79; 1988, agus
- (l) Cnoc an Mhaidrín, *PRC* III 215.184; 1996.

5.2 Foirmeacha Béarla na nAinmneacha (6,880) – idir fhoirmeacha Béarla agus fhoirmeacha traslitrithe

Fág is gur ainmneacha de bhunús Gaeilge 70.8% d'iomlán na n-ainmneacha sa saothar taighde (432/610 – tá an céatadán chomh hard le 88.5% i gcás na n-aonad riaracháin de, cf. 4.1), fós, is tagairtí Béarla nó tagairtí a traslitriodh go príomha ó Ghaeilge go Béarla iad formhór mór na n-iontrálacha stairiúla scríofa (6,880 nó 91.4% d'iomlán na dtagairtí scríofa, 7,522). Díreofar aird sna táblaí a leanas ar líon na dtagairtí Béarla agus ar líon na bhfoirmeacha traslitrithe (pé acu an ó fhoinse chlóite nó lámhscríofa dóibh), ar fheiniméin éagsúla Béarlaithe (m.sh. aistriú nó mí-aistriú) agus traslitrithe (m.sh. léiriú nó traslitriú réasúnta cruinn ó theanga na Gaeilge go dtí teanga an Bhéarla nó truailliú nó mí-thraslitriú) agus soláthraítear solaoidí ina dhiaidh sin chun fadhbanna áirithe traslitrithe (a dtagtar orthu coitianta le linn an phróisis chéanna seo) a léiriú.

	Ainmneacha Riaracháin	Ainmneacha Eile
Ainmneacha Béarla	24/226 (10.6%), céatadán beagán faoi bhun chéatadán náisiúnta na mbailte fearainn de bhunús Béarla (8,800/62,000) de réir Hughes 1970, 246	152/384 (39.6%)
Líon na dtagairtí stairiúla i mBéarla	403 (5.9% de 6,880)	960 (13.9% de 6,880)
Líon iomlán na dtagairtí stairiúla i mBéarla	1 : 1,363 (19.8% de 6,880)	
Líon na dtagairtí a traslitriodh ó Ghaeilge go Béarla	4,385 (63.7% de 6,880)	1,017 (14.8% de 6,880)
Líon iomlán na dtagairtí a traslitriodh ó Ghaeilge go Béarla	2. : 5,402 (78.5% de 6,880)	

Líon na dtagairtí a traslitriodh ón bhFraincis go Béarla : Buttevant	3. : 98 (1.4% de 6,880)	-----
Líon na dtagairtí a traslitriodh ón Spáinnis go Béarla : Altamira	4. : 17 (0.25% de 6,880)	-----
Líon iomlán na dtagairtí traslitrithe	1 – 4 : 6,880 (91.5% de líon iomlán na dtagairtí scríofa stairiúla, 7,522).	
Ábhar Clóite	1,935 (28.1% de 6,880)	1,172 (17.03% de 6,880)
Líon iomlán na dtagairtí Béarla agus Béarlaithe ó ábhar clóite	3,107 (45.16% de 6,880)	
Ábhar Lámhscríofa	2,968 (43.1% de 6,880)	805 (11.7% de 6,880)
Líon iomlán na dtagairtí Béarla agus Béarlaithe ó ábhar lámhscríofa	3,773 (54.8% de 6,880)	
Eiseamláirí d'ainmneacha de bhunús Béarla	Earlsfields (206) Waterhouse (74)	Anthony's Well (233) Springfield (556)
Eiseamláirí d'ainmneacha de bhunús Béarla a dtagtar ar fhianaise thraslitrithe agus ansan ar fhianaise Bhéarla arís iontu	Wylton > Ballinwollen > Milltown (12), Walshestowne > Ballinvallishie > Walshestown (102), Jordanstown > Bally Jordane > Jordanstown (158)	-----
Eiseamláirí d'ainmneacha Béarla ar cosúil go raibh réamhtheachtaithe traslitrithe ainmneacha eile acu	Egmont (93) < Ballimckowa, Castlewrixon (115) < Ballinlynigh; Rockspring (173) < Ballynemoddagh; Farthingville (207) < Cooleline	-----
Eiseamláirí d'fhoirmeacha a aistríodh go Béarla	Copetown (53) < Ballengarrane, Mountridget (99) < Knockillibreedey, Churchtown (75) < Ballintemple	Boy Hill (281) < Knockaneabohelly, Bucket Well (286) < Tubberavuchead, Cherry Hill (304) < Knocknashilleny, Oakfront (499) < Clyderragh, Punch Well (537) < Tubberapunch

Eiseamláirí d'ainmneacha ar léir gur de bharr mí-aistrithe a tháinig ann dá bhfoirmeacha Béarla	Blossomfort (17) < Lisardblahe (Lios Ard Bláiche, 'high fort of the buttermilk')	Blossomville (263) < Bealanablava, Furzeford Bridge (377) < Bealahinattin
Sampla d'ainm Béarla a bhfuil cumasc d'aistriú agus de thraslitriú araon ann	Mountcorbitt (100) < Drumcarbud	-----
Ainmneacha a bhfuil cuma an Bhéarla orthu a bhfuil cumasc d'aistriú agus de mhí-thraslitriú araon iontu	Currymount (39) < Curraghnalehessery, Ferryfort (209) < Lisnafurray	-----
Ainm de bhunús Gaeilge a béarlaíodh i dtosach na naoú haoise déag ar cosúil gur theip ar iarracht an bhéarlaithe	Ballynamucky > Hogstown > Ballynamuck (83)	-----
Foirm Bhéarla a gaelaíodh agus ar truaillíodh a fhoirm Bhéarlaithe/thraslitrithe ina dhiaidh sin	Bolbekeston > Ballyvallyvecky > Velvextowne > Velvetstown (73)	-----
Ainm a bhfuil mír Bhéarla agus mír thraslitrithe ann	-----	Taypots Boreen (570)
Luathfhoirmeacha Béarlaithe (ainmneacha de bhunús Gaeilge) nár ghreamaigh	Ráth na Caillí > Callathyston > Rathnacally (106), Garraí na gCrannóg > Crannokeston > Garrynagranoge (187)	-----
<i>Fadhbanna Traslitrithe</i> : Ní i gcónaí a léirítear consan leathan na Gaeilge san fhoirm Bhéarlaithe, m.sh.	Drumdowney (111) < Drom Domhnaigh	Annasellagh (232) < Áth na Saileach
Ní i gcónaí a léirítear consan caol na Gaeilge san fhoirm Bhéarlaithe, m.sh.	Ballyadam (80) < Baile Adaim	Lissanourd (454) < Lios an Oird
Is annamh consan uraithe na Gaeilge á réaladh san fhoirm Bhéarlaithe, m.sh.	Coolnagour (126) < Cúil na nGabhar	Curraghnagore (346) < Currach na nGabhar

Is annamh consan séimhithe na Gaeilge á réaladh san fhoirm Bhéarlaithe, m.sh.	Kilmore (2) < An Choill Mhór	Kilebeg (421) < Coill Bheag
Ní i gcónaí a chuirtear guta fada na Gaeilge in iúl san fhoirm Bhéarlaithe	Laragh (139) < Láithreach	Coolaforra (328) < Cúla Fuara
Cuirtear guta fada in iúl sa bhfoirm thraslitrithe ó am go chéile nuair is léir gur gearr dó san fhoirm Ghaeilge	-----	Bucket Well (286) Tubberavauchead < Tobar an Bhuicéid

5.3 Foirmeacha Laidine agus Laidinithe na nAinmneacha

Ar na foirmeacha Laidine/Laidinithe (51) a dtagtar orthu i gcorp na fianaise doiciméadaí (7,522, 0.68%), tagairtí Laidinithe, is é sin, tagairtí ar cuireadh cuma na Laidine ar ainmneacha a bhí traslitrítithe ón nGaeilge (: Orrery (1), *Orriria* (1618), *Obradii* (1685); Kilmore (2), *Kilmorensis* (1626); Kilbolane (117), *Kilbolanensis* (1655-66); Liscarroll (166), *ad Liscarulliam* (1642); Buttevant (42)/Cill na Mallach : *Killnamollacham* (1621), Maigne River (461) < An Mháigh, *Magio* (1200)) agus ón bhFraincis (is é sin, cás Buttevant (< *butte en avant*) : *Bothon* (1341), *Boton* (1351), *Butonia* (1440), *Buthonia* (1447), *Buctonia* (1449), *Bottomia* (1463), *Bottonia* (1472-3), *Bothonia* (1474-5), *Buttonia* (1479), *Buttunia* (1492), *Bitovia* (1494), *Bothovia* (1494), *Bitonum* (1497), *Botovia* (1499), *Buttyfania* (1617), *Bothon* (1634, 1661, 1720, 1774, 1810, 1821)) is ea formhór na dtagairtí stairiúla sa réimse seo agus tagairtí Laidine (5) is ea an beagán eile, mar atá, Castlelands (51, p. Buttevant, *pro castro Bothon* (1344)), Castleshen (123, *Castricastello* (1621), Lady's Well (434), *fontis Beate Mariae* (1608) agus Templebridey (572), *ad ... ecclesiam beate Brygidae* (1364), *in ecclesia Sanctae Brygidae* (1366).

